

An Chomhairle Aireachta Thuaidh Theas

Tuarascáil Bhliantúil 2012



CLÁR

Réamhrá		1
Caibidil a hAon	Cruinnithe Iomlánacha CATT	3
Caibidil a Dó	Cruinnithe Institiúideacha CATT	6
Caibidil a Trí	Cruinnithe CATT de réir earnála	8
3.1	Talmhaíocht	9
3.2	Oideachas	12
3.3	Comhshaol	15
3.4	Sláinte	19
3.5	Turasóireacht	23
3.6	Iompar	25
3.7	Dobharshaothrú agus Cúrsaí Mara	28
3.8	Sábháilteacht Bhia	31
3.9	Uiscebhealaí Intíre	33
3.10	Teanga	36
3.11	Cláir Speisialta AE	39
3.12	Forbairt Ghnó agus Trádáil	41
Caibidil a Ceathair	Gníomhaíochtaí For-Rochtana Chomh-Rúnaireacht CATT	43
Caibidil a Cúig	Uachtaránacht na hÉireann ar an AE	48
larscríbhinn a hAon	Liosta de chruinnithe CATT i 2012	50
larscríbhinn a Dó	Comh-Rúnaireacht na Comhairle Aireachta Thuaidh Theas	51
larscríbhinn a Trí	Comhaltaí Boird na bhForas Thuaidh Theas	52

RÉAMHRÁ

Bhí 31 cruinniú ag an Chomhairle Aireachta Thuaidh Theas (CATT) i 2012, an líon is airde in aon bhliain ó bunaíodh í. Mar gheall air seo, is é céad tríocha a haon líon iomlán chruinnithe CATT ó bhí an Cinneadh ann i 2007.

Ba ghné shonrach de na cruinnithe seo an caidreamh dearfach, cairdiúil idir Rialtas na hÉireann agus Airí an Fheidhmeannais. Thapaigh Airí an deis le hobair na bhForas Thuaidh Theas a mhaoirsiú agus le dul chun cinn a chinntiú ar na Réimsí Comhoibrithe a comhaontaíodh ionas go gcuirfear an comhoibriú chun cinn ar an oileán.

Áiríodh ar bhuncheisteanna 2012, obair le haitheantas frithpháirteach pointí pionóis a chumasú sa dá dhlínse, rath a bheith ar chur chun cinn mórthionscnaimh thurasóireachta amhail *'ní2012, our time our place'*, ullmhúcháin le haghaidh 'Tóstal 2013' agus 'Cathair Chultúir RA 2013', cosaint leanaí agus an Comhbheartas Talmhaíochta (CAP) agus sláinte ainmhithe agus plandaí.

Thug Airí na hÉireann faisnéis d'Airí an Fheidhmeannais ar thosaíochtaí a rialtais i leith Uachtaránacht na hÉireann ar an AE i 2013 agus ar an phleanáil agus ullmhúchán atá idir lámha. Is é seo an chéad uair a bheidh Uachtaránacht an AE ag Éirinn agus institiúid CATT ag feidhmiú go hiomlán agus tugann sí deis le comhráite a dhaingniú ar le leas an dá dhlínse iad.

Is dúshlán mór lóistíochta ag foireann CATT cruinnithe Thuaidh Theas a eagrú. Cuirtear tús leis an phleanáil míonna roimh ré agus bíonn PSNI, na Gardaí, Seirbhísí Eolais an Fheidhmeannais, Oifigí Príobháideacha Aireachta agus oifigigh ó Oifig an Chéad-Aire agus an LeasChéad-Aire, Roinn an Taoisigh agus Ranna eile Rialtais Thuaidh agus Theas bainteach léi. Is cuidiú é foirgneamh nua CATT le costais na gcruinnithe a laghdú agus tionóladh ceithre chruinniú fichead den tríocha a haon sa chóiríocht seo, Cruinniú Iomlánach san áireamh.

Sa bhliain 2012 fosta, tharla athruithe suntasacha pearsanra laistigh den Chomh-Rúnaireacht agus an bheirt againne go húrnuia i bpost an Chomh-Rúnaí. Ba mhaith linn ómós a thabhairt do Mary Bunting a chuaigh ar scor ó phost an Chomh-Rúnaí Thuaidh, i ndiaidh sé bliana sa phost, i Meán Fómhair 2012 agus do Pat Donaghy a chuaigh ar scor i mí Iúil i ndiaidh dhá bhliain déag a chaitheamh mar LeasChomh-Rúnaí Thuaidh. Táimid buíoch de Mary agus de Pat as a gcuid oibre ar fad leis an Chomhairle Aireachta Thuaidh Theas agus guímid gach rath orthu sna blianta atá romhainn. Is mian linn fosta fáilte a chur roimh Donal Moran, a tháinig i gcomharbacht ar Pat mar LeasChomh-Rúnaí Thuaidh.

Ar deireadh, is mian linn ár mbuíochas a ghabháil le hoifigigh i bhFeidhmeannas Thuaisceart Éireann agus i Ranna Rialtas na hÉireann, leis na Forais Thuaidh Theas, leis an Chomh-Rúnaireacht agus lenár gcomhghleacaithe uile as a gcuidiú agus a gcomhoibriú luachmhar i 2012.

Handwritten signatures of Colm Shannon and Shane O'Neill. The signature of Colm Shannon is on the left, and the signature of Shane O'Neill is on the right.

Colm Shannon
Comh-Rúnaí (Thuaidh)

Shane O'Neill
Comh-Rúnaí (Theas)

CAIBIDIL a hAON: CRUINNITHE IOMLÁNACHA CATT



Eamonn Gilmore TD, Tánaiste agus Aire Gnóthaí Eachtracha agus Trádála, An Ró-Onórach Peter Robinson CTR, Céad-Aire, Enda Kenny TD, Taoiseach agus Martin McGuinness CTR, LeasChéad-Aire ar Chruinniú Iomlánach Mheithimh i mBaile Átha Cliath

Cruinnithe Iomlánacha CATT

Is gné thábhachtach d'obair na Comhairle Aireachta Thuaidh Theas iad na Cruinnithe Iomlánacha agus tugann siad deis d'Airí an Fheidhmeannais bualadh lena macasamhla i Rialtas na hÉireann. Bhí dhá Chruinniú Iomlánacha CATT i 2012, an chéad chruinniú ar 25 Meitheamh i dTeach Farnleigh, Baile Átha Cliath agus an dara ceann ar 2 Samhain 2012 in Oifigí na Comh-Rúnaireachta in Ard Mhacha. Is faoi cheannaireacht an Taoisigh, Enda Kenny TD, a bhí toscaireacht Rialtas na hÉireann ar an dá ócáid agus is faoi cheannaireacht an Chéad-Aire, An Ró-Onórach Peter Robinson CTR, agus an LeasChéad-Aire, Martin McGuinness CTR a bhí toscaireacht Fheidhmeannas Thuaisceart Éireann. Tá na Comhráitis a eisíodh i ndiaidh an dá chruinniú seo ar fáil ag www.northsouthministerialcouncil.org.

Dála an chuid eile den gheilleagar dhomhanda, tá dúshlán shuntasacha roimh an dá dhlínse. Ba chuid thábhachtach den phlé ar na Cruinnithe Iomlánacha an dóigh a bhfuil rialtais ag dul i ngleic leis na dúshlán seo. Phléigh Airí go háirithe na dúshlán atá roimh earnáil na baincéireachta, Cáin Chorparáide agus tionchar GNBS (NAMA) ar an dá dhlínse. Nótáil Airí fosta an tábhacht atá le naisc thrádála a

chothú le tíortha eile, amhail an tSín, agus d'aithin go bhfuil comhleas féideartha ag baint le comhoibriú chuige seo.

B'ábhar bróin é a chuaigh go mór i bhfeidhm ar Chruinniú Iomlánach na Samhna dúnmharú brúidiúil David Black, Oifigeach Príosúnachta, ar a bhealach chuig a chuid oibre an mhaidin roimhe. D'fhreastail an dá rialtas an t-áiméar a gcáineadh a chur in iúl maidir leo sin a bhí ciontach as an uafás seo agus d'athdheimhnigh a ndúthracht gan ligean do ghníomhartha mar seo muid a tharraingt siar go dtí an t-am atá caite.

Tuarascáil na gComh-Rúnaithe ar Dhul Chun Cinn

Thug na Cruinnithe Iomlánacha fosta deis do na Comh-Rúnaithe tuarascálacha ar dhul chun cinn a chur ar fáil ar an obair a rinne CATT le linn na bliana. Áirítear ar na buaicphointí:

- obair ar chumasú aitheantas frithpháirteach pointí pionóis sa dá dhlínse;
- an rath a bhí ar chur chun cinn mórthionscnaimh thurasóireachta amhail *'ni2012 our time our place*, 'An Tóstal' agus 'Cathair Chultúir RA';
- dul chun cinn ar Chláir reatha an AE agus an obair atá idir lámha ar chláir na mblianta atá romhainn;
- an comhshuirbhé oideachais i réigiún na teorann;
- moltaí le haghaidh athbhreithniú na n-eagrais bunmhaoinithe atá á dhéanamh ag Foras na Gaeilge ;
- Canáil Uladh;
- cosaint leanaí;
- sláinte ainmhithe agus plandaí; agus
- An Comh-Bheartas Talmhaíochta (CAP).

Turasóireacht

Is den rithábhacht maidir leis an gheilleagar sa dá dhlínse an turasóireacht agus líon na gcuairteoirí chun an oileáin a mhéadú. D'athbhreithnigh Airí obair *Tourism Ireland* agus na hiarrachtaí acu níos mó cuairteoirí a mhealladh chun an oileáin trí eagrú roinnt mhaith mórthionscnaimh thurasóireachta ar a n-áirítear *NI 2012 'our time our place'*, 'Tóstal 2013' agus Ceiliúradh 'Cathair Chultúir 2013'. Tá an dá Aire turasóireachta ar theann a ndíchill lena chinntiú go n-éireoidh leis na tionscnaimh seo agus tá *Tourism Ireland* ag déanamh margaíocht thar lear ar na himeachtaí seo.

Tionscnamh Thairseach an Iar-Thuaiscirt

Ar chruinniú an Mheithimh mheas Airí tuarascáil dul chun cinn ar Thionscnamh Thairseach an Iar-Thuaiscirt agus nótaí mionsonraí ar acmhainní atá geallta do/caite ar Réigiún an Iar-Thuaiscirt. I mí na Samhna nótladh go dtionólfar cruinniú leis an dul chun cinn a mheas.

Bóithre A5 agus A8

Ar chruinniú Mheithimh d'fhaomh Airí plean maoinithe agus forfheidhmiúcháin faoi choinne thionscadail bhóithre A5 agus A8 agus thug dá n-aire go bhfuil rialtas na hÉireann tiomanta don tionscadal seo go fóill.

Athbhreithniú Chomhaontú Chill Rímhinn

Cheadaigh Airí roinnt moltaí a bhaineann leis na Forais Thuaidh Theas a cuireadh i láthair an chruinnithe i ndiaidh go ndearnadh iad a mheas ar chruinnithe earnála CATT. Comhlánaíodh an chéad ghné den Athbhreithniú, den chuid is mó, ar fhaomhadh na moltaí seo. Ar chruinniú na Samhna, d'aontaigh Airí go mbeadh cruinniú ag Oifigigh Shinsearacha le moltaí ar na gnéithe eile den Athbhreithniú a thabhairt chun cinn.

Fóram Comhairleach Thuaidh Theas

Pléadh staid reatha an Fhórait Chomhairligh Thuaidh Theas ar an dá Chruinniú Iomlánacha. D'aontaigh Airí go mbreathnófar air seo arís ar Chruinniú Iomlánach amach anseo.

Fóram Parlaiminteach Thuaidh Theas/ Cumann Idir-Pharlaiminteach Thuaidh Theas

Tá an Cumann Idir-Pharlaiminteach Thuaidh Theas ar bun anois agus tionóladh an chéad seisiún Iomlánach aige ar 12 Deireadh Fómhair 2012. D'fháiltigh Airí roimh bhunú an Chumainn agus ghuigh gach rath ar Chinn Chomhairle an Tionóil agus na Dála faoi seach.

CAIBIDIL A DÓ: CRUINNITHE INSTITIÚIDEACHA CATT



An Ró-Onórach Peter Robinson CTR, Cead-Aire, Éamonn Gilmore TD, Tánaiste agus Aire Gnóthaí Eachtracha agus Trádála, agus Martin McGuinness CTR, LeasChéad-Aire ar Chruinniú Institiúideach Aibreáin i mBaile Átha Cliath.

Tháinig CATT i gceann a chéile i bhformáid institiúideach ar 27 Aibreán 2012 san Ospidéal Ríoga, Cill Mhaighneáin, Baile Átha Cliath. D'fhreastail Éamonn Gilmore TD, Tánaiste agus Aire Gnóthaí Eachtracha agus Trádála, An Ró-Onórach Peter Robinson CTR, Cead-Aire agus Martin McGuinness CTR, LeasChéad-Aire ar an chruinniú. Tá cóip den Chomhráiteas ar fáil ag www.northsouthministerialcouncil.org

Thug Airí na tuairimí s'acu féin ar na tosca reatha eacnamaíochta agus ar na dúshláin buiséid agus phléigh deiseanna chun tógáil ar an chomhoibriú atá ann cheana, go háirithe maidir leis an gheilleagar, soláthar seirbhísí agus turasóireacht. Dhírigh an cruinniú fosta ar dheiseanna le rath na turasóireachta a uasmhéadú le linn 2012 agus 2013 ar a n-áirítear 'ni2012 Our Time - Our Place', 'Doire, Cathair an Chultúir RA' agus 'Tóstal 2013'.

Tionscnamh Thairseach an Iar-Thuaiscirt

Fáiltíodh roimh dhul chun cinn i réimse tionscnamh arb aidhm dóibh tairbhe eacnamaíochta agus sóisialta a sholáthar don Iar-Thuaisceart lena n-áirítear:

- Tiomanatas Chlár Rialtais Fheidhmeannas Thuaisceart Éireann le *One Plan for Derry ~ Londonderry* a fhorbairt;

- obair chomhpháirtíochta idir Comhairle Cathrach Dhoire agus Comhairle Contae Dhún na nGall le sineirgí a fhorbairt idir *One Plan* agus *An Straitéis*, Plean Forbartha Chontae Dhún na nGall;
- tógáil an Aonaid Radaiteiripe nua in Allt Mhic Dhuibhreacháin atá le tosú i 2013 agus le bheith ag feidhmiú faoi 2016 ;
- tiomantas le dhá chuid den A5 a uasghrádú le cistiú dar suim £330m Fheidhmeannas TÉ lena n-áirítear tiomantas £50m Rialtas na hÉireann;
- tiomantas breis agus €120m go dtí seo ó Chláir AE san Iar-Thuaisceart lena n-áirítear tionscadail shuaitheanta ar nós *Project Kelvin* a bhfuil suim €30m luaite leis agus Droichead na Síochána ar caitheadh €16m air;
- tiomantas le cumas eacnamaíochta turasóireachta Chathair an Chultúir agus Tóstál 2013 a uasmhéadú. Tá £12.6m geallta ag Feidhmeannas Thuaisceart Éireann, faoi réir chomhlánú agus fhaomhadh cásanna áirithe gnó, le tacú le soláthar chlár Chathair an Chultúir, lena n-áirítear óstáil Ghradam Turner, Ghradam Stirling agus Fhleadh Cheoil na hÉireann; agus
- leithroinnt £18.5m faoi Ais 3 de Chlár Forbairt Tuaithe Thuaisceart Éireann ar an Iar-Thuaisceart.

Aontaíodh dul chun cinn ar Thionscnamh Thairseach an Iar-Thuaisceirt a athbhreithniú arís ar an chéad chruinniú Institiúideach CATT eile.

Forais Thuaidh Theas agus *Tourism Ireland* Teo

Bhí plé ann chomh maith ar chúrsaí a bhaineann le Forais Thuaidh Theas, lena n-áirítear dul chun cinn ar Phleananna Corporáideacha agus Gnó, cur i bhfeidhm sábháiltí carnacha éifeachtúlachta agus an t-athbhreithniú leanúnach ar Mheamraim Airgeadais na bhForas.

Nótáil na hAirí go raibh Liam Nellis, Príomhfheidhmeannach Inter *Tradel* Ireland le dul ar scor agus thug buíochas dó as a chuid oibre le Inter *Tradel* Ireland.

Athbhreithniú Chomhaontú Chill Rímhinn

Phléigh Airí an dul chun cinn a bhí déanta ag cruinnithe CATT ar roinnt moltaí a bhaineann leis na Forais Thuaidh Theas a rabhtar ag machnamh orthu. Bhí siad ag dúil lena thuilleadh plé air seo agus ar ghnéithe eile d'Athbhreithniú Chomhaontú Chill Rímhinn ar Chruinnithe Iomlánacha CATT ina dhiaidh sin.

CAIBIDIL A TRÍ: CRUINNITHE CATT DE RÉIR EARNÁLA

Tá achoimre sa chaibidil seo ar chruinnithe CATT i bhformáid earnála i 2012.

Tá Comhráitis na gcruinnithe seo ar fáil ag

www.northsouthministerialcouncil.org

Talmhaíocht



Bhí cruinnithe Talmhaíochta CATT ann ar 8 Feabhra, 25 Iúil agus 31 Deireadh Fómhair 2012. D'fhreastail Michelle O'Neill CTR, Aire Talmhaíochta agus Forbartha Tuaithe agus Simon Coveney TD, Aire Talmhaíochta, Bia agus Mara ar na trí chruinniú uile. D'fhreastail Phil Hogan TD, Aire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil ar chruinnithe Iúil agus Dheireadh Fómhair. D'fhreastail Sammy Wilson MP CTR, Aire Airgeadais agus Pearsanra, ar chruinniú Iúil agus d'fhreastail Jonathan Bell CTR, Aire Sóisearach OFMDFM, ar chruinnithe Feabhra agus Dheireadh Fómhair.

Ar chruinniú Dheireadh Fómhair, thug Airí a gcuid tuairimí féin ar cheist na sábháilteachta ar fheirmeacha agus chuir a gcomhbhrón in iúl do na teaghlaigh a bhfuair a muintir bás i ndiaidh na dtaismí tragóideacha a tharla le linn na bliana.

Comhoibriú ar Shláinte Ainmhithe

Aontaíodh ar Mheamram Tuisceana a bhaineann le hOileán na hÉireann a chaosaint ar ionradh galair ainmhithe coimhthíocha. Leagann an MT béim ar an tiomantas do bhunphrionsabail sa Straitéis Uile-Oileáin Sláinte agus Folláine Ainmhithe. Leagann sé amach na prionsabail a bhfuiltear le cloí leo ar fud an oileáin le cosc a chur ar theacht isteach agus leathadh galair ainmhithe coimhthíocha trí cheachtar den dá dhlínse, agus le cinnteacht a thabhairt maidir leis na rialuithe atá i bhfeidhm ar fud an oileáin.

Fáiltíodh roimh an dul chun cinn ar Phlean Gníomhaíochta na Straitéise Uile-Oileáin Sláinte agus Folláine Ainmhithe, lena n-áirítear:

- Gnóthachtáil stádas saor ó Ghalar Aujeszky ar fud oileán na hÉireann, a osclóidh deiseanna breise easpórtála d'earnáil na muc;
- comhlánú páipéar scóipe ar thosaíochtaí faireachais uile-oileáin ar ghalair ainmhithe;
- an dlúth-idirchaidreamh leanúnach le linn idirbheartaíochtaí le Coimisiún an AE ar an Dlí nua Sláinte Ainmhithe de chuid an AE atáthar a mholadh;
- comhaontú ag oifigigh atá ag iarraidh córais clárúcháin déileálaithe a ailíniú;
- óstáil siompóisiam eolaíochta idirnáisiúnta saineolaithe vacsaínithe i mí na Bealtaine 2012 i mBéal Feirste a bhreathnaigh ar chumas an vacsaínithe i ndíothú eitinn bhólachta;
- an rath a bhí ar bheart mapála trasteorann “Exercise Mirrormap3” a eagraíodh ar 29 Feabhra 2012;
- comhoibriú leanúnach idir oifigigh ar thionscnaimh thionscalthreoraithe ar ghalair tháirgeachta nach bhfuil faoi réir cláir rialaithe náisiúnta ar nós BVD;
- bunú eagrais thionscalthreoraithe, *Animal Health and Welfare NI*, a thabharfaidh chun cinn tionscnaimh le tabhairt faoi ghalair den sórt; agus
- Comhaontú ar shocruithe cómhálartacha idir forais tionsclaíochta thuaidh agus theas, a shínigh *Animal Health Ireland* agus *Animal Health and Welfare NI*.

An Comhbheartas Talmhaíochta (CAP) agus Saincheisteanna Trádáil Idirnáisiúnta

Phléigh Airí na saincheisteanna suntasacha a bhaineann le hidirbheartaíochtaí ar athleasú an Chomhbheartais Talmhaíochta (CAP). Áirítear ar na saincheisteanna is suntasaí, dáileadh bhuiséad CAP ar na Ballstáit, bogadh ó íocaíocht ráta comhréidh taobh istigh de Bhallstáit nó réigiúin agus an fhéidearthacht go dtabharfar isteach gné ghlaisithe i mbuiséad Cholún 1.

Thug an Chomhairle dá n-aire go bhféadfaí teacht ar chomhaontú AE le linn Uachtaránacht na hÉireann sa chéad leath de 2013 agus d'aithin an chomóntacht mhór idir na Ranna Talmhaíochta ar na príomhcheisteanna. Coinneoidh Airí agus oifigigh dlúth-theagmháil lena chéile i ndúil le tairbhí d'fheirmeoirí agus do phobail tuaithe sa dá dhlínse a uasmhéadú.

Nótáil Airí fosta forbairtí a bhaineann le comhdhálacha athrú aeráide. B'fhócas tábhachtach ar na cruinnithe forbairtí agus deiseanna ar thrádáil idirnáisiúnta, lena n-áirítear taifead tréan fhás easpórtálacha an tionscail agrai-bhia. Phléigh an

Chomhairle fosta deiseanna forbartha naisc agrai-bhia idir an tSín agus Éire i réimsí amhail sláinte ainmhithe, staidéar eachaí, taighde agus trádáil.

Pléadh athleasú an Comhbheartais Iascach (CFP) atá ar na bacáin agus d'aontaigh Airí go gcoinneoidh oifigigh de chuid an dá Roinn Talmhaíochta dlúth-theagmháil lena chéile lena chinntiú go gcuirtear a gcomhaidmeanna i leith athleasú iascach san áireamh a oiread agus is féidir sa chomhaontú deiridh.

Oideachas



Bíonn daltaí bunscoile ag baint úsáid as teicneolaíochtaí digiteacha mar chuid dá ngnáthfhoghlaim.

Bhí trí chruinniú Oideachais CATT ann le linn 2012, ar 1 Márta, 15 Meitheamh agus 17 Deireadh Fómhair. D'fhreastail John O'Dowd CTR, Aire Oideachais, Ruairí Quinn TD, Aire Oideachais agus Scileanna agus Nelson McCausland CTR, Aire Forbartha Sóisialta ar gach cruinniú.

Suirbhé Oideachais i Réigiúin na Teorann

D'aithin Airí an tábhacht atá le roghanna tuismitheoirí a éascú maidir le rannpháirtíocht i scoileanna agus, mar sin de, nótaíl an t-athrú daonra ar dhá thaobh na teorann agus mar a d'fhéadfadh sé seo dul i bhfeidhm ar scoileanna. Chuir na hAirí na ceisteanna seo san áireamh agus phléigh mar a d'fhéadfaí a chur ar chumas na dtuismitheoirí seo, iad siúd ar mian leo, a gcuid páistí a chur ar scoil ar an taobh eile den teorainn. D'aontaigh siad comhshuirbhé dearcaidh a dhéanamh le heolas a aimsiú ar ghluaiseacht trasteorann daltaí agus pleanáil scoile. Ba chuidiú é seo le hacmhainn agus riachtanais scolaíochta reatha agus amach anseo i réigiúin na teorann a fháil amach, an leibhéal éilimh ó thuismitheoirí agus daoine óga ar scoileanna trasna na teorann agus mar a d'fhéadfaí constaicí a shárú. D'aontaigh Airí go gcuirfead tuairisc dheiridh ar thorthaí agus ar mholtaí ar fáil lena meas tráth nach moille ná an chéad chruinniú Oideachais CATT de 2013.

Oideachas do Pháistí a bhfuil Sainriachtanais Oideachais acu

D'aontaigh Airí ar mhéadú teoranta seirbhísí a bheith le soláthar ag Ionad Uathachais Choillidh Chanannáin le fócas ar thodhchaí inbhuanaithe don Ionad a chinntiú agus comhiarrachtaí tacúla lena chinntiú go soláthrófar an méadú aontaithe a luaite agus is féidir.

D'fháiltigh an Chomhairle roimh an tuairisc a foilsíodh ar na mallaibh ar chomhchigireacht an Ionaid a rinne Cigirí na Roinne Oideachais agus Scileanna agus Cigirí na Roinne Oideachais agus Oiliúna.

Cáilíochtaí Múinteoirí

D'fháiltigh an Chomhairle roimh an idirchaidreamh leanúnach idir an dá Chomhairle Mhúinteoireachta ar cheisteanna a bhaineann le haithint agus clárú gairmiúil sa dá dhlínse agus gur dhírigh obair na gComhairlí ar shoghluaisteacht, creidiúnú agus aithint cáilíochtaí múinteoirí i gcomhthéacs trasteorann. Is é an mórchuspóir soghluaisteacht iomlán múinteoirí idir an dá dhlínse a éascú.

Bhí plé leanúnach fosta idir Coláiste Oideachais Marino, Baile Átha Cliath, Ollscoil Uladh agus Coláiste Ollscoile Naomh Muire, Béal Feirste faoin fhéidearthacht go soláthrófaí an Scrúdú Cáilíochta sa Ghaeilge agus faoi bhearta a rinne an Mheitheal Thuaidh Theas ar Cháilíochtaí Múinteoirí (North South Teacher Qualifications Working Group) leis an cheist a thabhairt chun cinn.

Nótáil Airí cinneadh na Ranna an clár comhoibríthe cómhaoinithe in earnáil na Gaelscolaíochta a shíneadh le haghaidh bhliain acadúil 2012/13.

Malartuithe Scoileanna, Óige agus Múinteoirí

Thug an Chomhairle dá n-aire an 10ú Comhdháil Sheasta ar Oideachas Múinteoirí, Thuaidh agus Theas (SCoTENS) a tionóladh ar an Chabhán ar 11-12 Deireadh Fómhair 2012 agus ar éirigh go maith léi. 'Múinteoirí Cruthaitheacha d'Fhoghlaimoirí Cruthaitheacha: Impleachtaí d'Oideachas Múinteoirí' an téama agus nótaíl an Chomhairle fosta an tuarascáil mheasúnachta iar-iniúchta ar na chéad ocht mbliana ag SCoTENS.

Thug Airí aitheantas don obair atá idir lámha leis na moltaí atá leagtha amach i gcomhthuarascáil mheasúnachta na gcigirí ar thionscadal *Dissolving Boundaries* a chur i bhfeidhm.

D'fháiltigh an Chomhairle roimh an chomhthacaíocht leanúnach don *Causeway Programme* agus do Choiste Thuaidh Theas na gCaighdeán Oideachais agus Oiliúna um Obair Óige in Éirinn.

Tugadh faisnéis d'Airí ar an phlé atá ar siúl idir oifigigh ón Roinn Oideachais agus ón Roinn Oideachais agus Scileanna le Cuid 2 den staidéar ar chomhoibriú Thuaidh Theas in earnáil an oideachais a thabhairt chun cinn. D'iarr siad tuarascáil ar dhul chun cinn don chéad chruinniú CATT i 2013.

Tearc-Ghnóthachtáil Oideachais

Ar chruinniú Dheireadh Fómhair 2012, tugadh mionchur i láthair d'Airí ar an obair atá ar siúl ag an Mheitheal Tearc-Ghnóthachtáil Oideachais (EUWG) i réimsí na Litearthachta agus Uimhearthachta. Nótáil siad go raibh cruinniú ag an Ghrúpa ar 4 Meán Fómhair 2012 lena gclár oibre a athbhreithniú agus a thabhairt chun cinn.

Nótáil Airí fosta gur thacaigh an dá Roinn le Seachtain na Matamaitice i 2012 agus go mbíonn plé leanúnach idir oifigigh ar roinnt an dea-chleachtais ar thinreamh agus coinneáil.

D'fháiltigh an Chomhairle roimh chomhairliúchán EUWG le *Children's Books Ireland* ar an acmhainneacht a bhaineann le moladh chun rannpháirtíocht déagóirí óga sa léitheoireacht a chur chun cinn.

Comhshaol



Bhí trí chruinniú Comhshaoil CATT ann le linn 2012, ar an 2 Márta, 15 Meitheamh agus 31 Deireadh Fómhair. D'fhreastail Phil Hogan TD, Aire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil agus Alex Attwood CTR, Aire Comhshaoil ar na trí chruinniú uile. D'fhreastail Danny Kennedy CTR, Aire Forbartha Réigiúnaí ar chruinnithe Mhárta agus Mheithimh agus d'fhreastail Jonathan Bell, Aire Sóisearach OFMDFM ar chruinniú Dheireadh Fómhair.

Cúrsaí AE

Phléigh Airí tosaíochtaí na hearnála comhshaoil i leith Uachtaránacht na hÉireann ar an Aontas Eorpach i 2013 agus bhíothar ag dúil leis an chruinniú neamhfhoirmiúil de Chomhairle Airí Comhshaoil AE i mBaile Átha Cliath in Aibreán 2013.

Bainistíocht Dramhaíola

Maidir leis an chomhoibriú leanúnach idir oifigigh, lena n-áirítear ceachtanna a foghlaimíodh agus na cleachtais is fearr a bhaineann leis an tobhach málaí plaistigh a sholáthar agus a riar in Éirinn, d'éascaigh sé go mór forbairt tobhach málaí siopadóireachta i dTuaisceart Éireann.

Thug Airí aitheantas d'fhoilsiú polasaí úr bainistíocht dramhaíola d'Éirinn ag an Aire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil: *A Resource Opportunity – Waste Management Policy in Ireland*.

Chuir Airí fáilte roimh David Surplus, cathaoirleach nua an Ghrúpa Stiúrtha Forbairt Mhargaidh Thuaidh Theas. Tabharfar cuireadh dó nuashonrú a thabhairt d'Airí ar dhul chun cinn ar chruinniú comhshaoil CATT amach anseo.

D'fháiltigh Airí roimh chur i láthair ar 'All Island Bulky Waste Reuse Best Practice Management Feasibility Study'. D'fháiltigh an Chomhairle fosta roimh bhearta le breis luacha a chur leis an 'Irish Recycled Plastic Waste Arisings Study'. Is eiseamláir den obair seo an Fóram ar an Ghnó Athchúrsála Plaistigh a tionóladh i mBaile Átha Cliath in Eanáir 2012.

D'fháiltigh an Chomhairle roimh na hathbhreithnithe sa dá dhlínse ar pholasaithe ar bhainistíocht boinn fuíll agus an deis ar níos mó teagmháil uile-oileánda ionas go n-uasmhéadófar an leas comhshaoil agus go gcuirfear cosc le hoibritheoirí mídhleathacha. Lena chois sin, cuireadh in iúl d'Airí go bhfuil comhairleoirí a cheap an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil le hathbhreithniú a dhéanamh ar an 'Samhail Thionscnamh Fhreagracht an Táirgeora' in Éirinn. Scrúdófar torthaí struchtúrtha agus comhshaoil an chórais reatha le tabhairt faoi bhoinn fuíll agus scrúdófar fosta réimsí le haghaidh tuilleadh comhoibrithe leis an Roinn Comhshaoil. Táthar ag dúil go gcomhlánófar roimh dheireadh na bliana, faoi cheannas na Roinne Comhshaoil, tuarascáil deiridh ar shuirbhé uile-oileánda ar bhoinn.

Dramhaíl á Bogadh Trasna na Teorann

Tuairiscíodh gur cuireadh críoch shásúil le haistriú dramhaíola ó shuíomh i mBaile Mhic Giolla Mhartáin, Cill Chaoil i nDeireadh Fómhair 2011 agus gur tuairim ar 49,000 tona meáchan go dtí seo iomlán na dramhaíola a baineadh as suíomhanna ag Baile Mhic Giolla Mhartáin, Slattinagh agus Trí Leac. Aontaíodh dhá shuíomh i gClochar, Contae Thír Eoghain, (Seisceann Ódhar agus Eiscreach) i leith clár aisdúichithe 2102-13. Cuireadh an obair ag suíomh Sheisceann Odhar i gcrích agus cuireadh tús leis an obair in Eiscreach.

Tá Creat-Chomhaontú i gcomhair Diúscairt Dramhaíl Aisdúichithe bunaithe ag Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath. Tá tús curtha ag Comhairle na Cathrach le doiciméid tairisceana a ullmhú roimh phróiseas soláthar poiblí faoi choinne tarlú dramhaíl thochailte chuig saoráidí údaraithe diúscartha ó 2013 i leith.

Nótáil an Chomhairle gur tosaíocht ag an dá Aire Comhshaoil comhghníomhartha forfheidhmiúcháin le plé le hoibritheoirí mídhleathacha agus tá Ranna ag leanúint d'áiseanna a dhíriú ar an cheist seo.

Cáilíocht Uisce

Leanfaidh an Mheitheal Thuaidh Theas ar Cháilíocht Uisce d'fhorfheidhmiú comhordaithe na bPleananna Bainistíocht Abhantrach a thabhairt chun cinn agus a mhaoirsiú faoi Chreat-Treoir Uisce an AE. Cuireadh in iúl d'Airí go bhfaighidh an mheitheal nuashonruithe rialta, de réir mar is cuí, ar fhorbairtí polasaí AE i réimse cáilíocht uisce a d'fhéadfadh teacht aníos le linn Uachtaránacht na hÉireann ar an Aontas Eorpach.

Nótáil Airí go bhfuil cainteanna ar siúl, laistigh den Mheitheal Thuaidh Theas ar Cháilíocht Uisce ar amchlár ullmhúcháin na bPleananna Bainistíocht Abhantrach dara timthriall faoi Chreat-Treoir Uisce an AE a chomhordú.

D'fháiltigh Airí roimh an chomhordú leanúnach a bhaineann le scéimeanna An Bhrait Ghoirm agus Cósta Glas, go háirithe an ról a ghlacann an dá dhlínse le scéim Cósta Glas a chaighdeánú agus a mhéadú agus fáiltíodh fosta roimh an rath a bhí ar na searmanais ghradaim d'Éirinn agus do Thuaisceart Éireann faoi seach a d'eagraigh An Taisce agus *Tidy NI* le déanaí.

Fuair an Chomhairle cur i láthair i mí an Mhárta de chuid Suirbhéireacht Gheolaíochta Thuaisceart Éireann agus Suirbhéireacht Gheolaíochta na hÉireann ar thionscadal £4 milliún (thart ar €4.4 milliún) TELLUS BORDER. Tá an tionscadal seo á dhéanamh faoi Chlár INTERREG IVA AE agus tabharfaidh sé sonraí an-luachmhar le tacú le bainistíocht inbhuanaithe chomhshaoil sa dá dhlínse.

Cosaint an Chomhshaoil

Tá taighde agus measúnú déanta ag oifigigh ar dheiseanna breise ar chomhoibriú atá le leas an dá dhlínse chun cur chuige polasaithe éifeachtacha agus éifeachtúla a éascú i gcomhthéacs Treoracha AE ar Cháilíocht Aeir, Astuithe Tionsclaíochta agus Torann.

D'aontaigh Airí gur chóir d'oifigigh tuilleadh taighde a choimisiúnú le saincheist an truaillithe aeriompartha ó dhó gual toiteach tí a scrúdú agus nuashonrú a thabhairt d'Airí ag an chéad CATT eile i 2013. D'fháiltigh an Chomhairle roimh an teagmháil bhreise ag oifigigh le féidearthachtaí cuir chuige a bheadh le leas an dá dhlínse a phlé agus iad ag machnamh ar na mapaí torainn 3ú babhta a bheas dlite i 2017.

Tuairisciú agus Taighde Comhshaoil

D'fháiltigh Airí roimh an chomhoibriú leanúnach idir an dá Ghníomhaireacht ar shainnithint riachtanais taighde atá ag teacht chun tosaigh agus ar phleanáil straitéiseach chlár mhaoinithe taighde. Lena chois sin, nótaíl an Chomhairle an siompóisiam idirnáisiúnta ar chórais cóireáil fuíolluisce teaghlaigh a d'eagraigh an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (GCC) agus Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath ar éirigh go maith leis. Bhí cuir i láthair ann ó roinnt mórthaighdeoirí agus áiríodh ar a raibh i láthair rialtóirí ó GCC agus Gníomhaireacht Chomhshaoil Thuaisceart Éireann (NIEA) araon.

Cuireadh in iúl d'Airí go bhfuiltear ag beartú staidéar taighde níos cuimsithí roimh dheireadh 2012 i ndiaidh an taighde thosaigh ar na hiarmhairtí comhshaoil atá leis an scoilteadh hidrálach (fracáil) i mí na Bealtaine 2012. Tionóladh cruinniú tosaigh den ghrúpa stiúrtha taighde ar 5 Iúil 2012.

D'fháiltigh an Chomhairle roimh an Tuarascáil ar Staitisticí Comhshaoil Thuaisceart Éireann is déanaí a foilsíodh i mí Eanáir agus roimh fhoilsiú thuarascáil GCC ar staid an chomhshaoil "Ireland's Environment 2012" i Meitheamh 2012. Tá Airí ag tnúth le cuimsiú na gcomhtháscairí comhshaoil sa chéad eagrán eile de "Ireland

North and South: A Statistical Profile” arna thiomsú agus á tháirgeadh ag an Phríomh-Oifig Staidrimh agus ag Gníomhaireacht Staitisticí agus Taighde Thuaisceart Éireann.

Tuairiscíodh gur eagraigh InterTradelreland, NIEA, agus GCC eatarthu ceardlann *FP7-Environment* ar éirigh go maith léi. D’fhreastail breis agus 60 taighdeoir uirthi agus tugadh nuashonrú agus treoir ar an ghairm le haghaidh moltaí taighde i mí Iúil.

Sláinte



Clé go deas: Edwin Poots CTR, Aire Sáinte, Seirbhísí Sóisialta agus Sábháilteachta Poiblí, Bernie McCrory, CAWT, Michelle O'Neill CTR, Aire Talmhaíochta agus Forbartha Tuaithe, James Reilly TD, Aire Sláinte, Frances Fitzgerald TD Aire Leanaí agus Gnóthaí Óige, Mairéad McAlinden agus Tom Daly as CAWT ar Chruinniú Sláinte agus Sábháilteacht Bhia CATT 18 Iúil 2012.

Bhí trí chruinniú Sláinte CATT ann i 2012 ar 2 Feabhra, 18 Iúil agus 21 Samhain. D'fhreastail James Reilly TD, Aire Sláinte, Frances Fitzgerald TD, Aire Leanaí agus Gnóthaí Óige, Edwin Poots CTR, Aire Sláinte, Seirbhísí Sóisialta agus Sábháilteachta Poiblí agus Michelle O'Neill CTR, Aire Talmhaíochta agus Forbartha Tuaithe ar na trí chruinniú uilig.

Cur chun Cinn na Sláinte

D'éirigh go maith le comhdháil Thuaidh Theas ar mhí-úsáid alcóil a tionóladh in Ard Mhacha i mí Eanáir 2012. D'fhreastail breis agus 130 tosaire ar an chomhdháil, inar cuimsíodh cuir i láthair eolasacha ó chainteoirí áitiúla agus idirnáisiúnta.

Tugadh faisnéis d'Airí ar fhorbairt straitéisí sa dá dhlínse ar mhí-úsáid alcóil. Áiríodh orthu seo comhoibriú leanúnach ar íospfraghas aonaid ar alcól agus moltaí le haghaidh Fóram Alcóil Thuaidh Theas. Tionóladh an cruinniú tosaigh scóipe don fhóram seo i nDeireadh Fómhair. Ina dhiaidh sin, bhí cruinniú ag croípháirtithe

polasaí alcóil as an dá dhlínse le heolas agus cleachtas a roinnt maidir le dul i ngleic le mí-úsáid alcóil.

Seoladh straitéis deich mbliana rialaithe tobac do Thuaisceart Éireann i mí Feabhra 2012. Tugadh nuashonruithe ar dhul chun cinn d'Airí ar chruinnithe Sláinte CATT, bunú grúpa ilghníomhaireachta leis an straitéis a thabhairt chun cinn san áireamh.

Nótáil Airí gur tugadh isteach in Éirinn i mí na Nollag 2011 rialúcháin le rabhaidh théacs agus ghrianghraif a chur ar tháirgí tobac agus go bhfuil reachtaíocht le cosc a chur ar chaitheamh tobac i gcarranna ina bhfuil páistí á forbairt in Éirinn fosta.

Thacaigh an dá Aire Sláinte le foilsiú an mholta reachtaíochta i gcomhair na Treorach Tobac ag an Choimisiún Eorpach a luaithe agus is féidir.

Phléigh Airí an dul chun cinn atá déanta ag an Sain-Ghrúpa Gníomhaíochta ar an Mhurtall in Éirinn. Nótáil siad go raibh scéim *Caloriewise*, arb aidhm dó tomhaltóirí a spreagadh le roghanna bunaithe ar eolas a dhéanamh agus iad ag ithe amuigh nó 'ar a gcosa', á triail in ocht ngnólacht áitiúil i dThuaisceart Éireann. Nótáladh na torthaí ón phróiseas comhairliúcháin poiblí in Éirinn ar phostáil calraí i mbialanna a léirigh ardtacaíocht i measc an phobail i gcoitinne agus laistigh den tionscal bia féin do lipéadú calraí ar bhiachláir.

Comhoibriú Maidir le Taighde ar Ailse agus Sláinte

Tugadh faisnéis don Chomhairle ar dhul chun cinn ar fhorbairtí le haonad radaiteiripe a bhunú in Allt Mhic Dhuibhreacháin agus go dtosódh obair thógála i 2013 agus go mbeadh an t-aonad ag feidhmiú i 2016.

D'fháiltigh Airí roimh an dul chun cinn iontach ag Institiúid Cúram Ospíse agus Maolaitheach na hÉireann ina cuid oibre ar oideachas, taighde agus soláthar cúraim.

D'fháiltigh siad fosta roimh an rath leanúnach ar thaighde ilnáisiúnta tríd an Pháirtíocht SAM-Éireann T&F, lena n-áirítear:

- forbairt cáipéisíocht agus gnáthaimh oibre chomónta le plé le moltaí maoiniúcháin a bhfuil taighdeoirí sláinte ón dá dhlínse agus ó SAM bainteach leo a cuireadh i bhfeidhm agus a seoladh i Lúnasa 2012; agus
- foilsiú mórthorthaí, ar cuireadh an-suim iontu ar bhonn idirnáisiúnta, ar shainaithint géinte a bhféadfaí gurbh iad is cúis le galar tromchúiseach duáin a theacht ar roinnt othar a bhfuil diaibéiteas orthu.

Phléigh Airí dul chun cinn ar chur i bhfeidhm an Mheamraim Thuisceana athbhreithnithe do Chuibhreannas Ailse an Fhorais Náisiúnta Ailse na hÉireann – Thuaisceart Éireann agus nótaíl gur léirigh comhthionscadail taighde a rinneadh tríd an MT a bhí ann roimhe straitéisí feabhsaithe cosctha nó cóireála ailse. D'aontaigh na trí dhlínse go ndíreodh siad ar chúig shruth oibre:

- forbairt acmhainne ar thaighde cliniciúil;

- sláinte agus folláine phoiblí/cosc/cur chun cinn sláinte (lena n-áirítear taighde ar shláinte an daonra);
- altranas ;
- cúram maolaitheach agus deireadh saoil; agus
- marthanas.

Cosaint Leanaí

D'fháiltigh an Chomhairle roimh an chlár oibre atá á mholadh don Ghrúpa Stiúrtha ar Chosaint Leanaí atá le tabhairt chun tosaigh trí chúig shruth oibre sainiúil a dhíreoidh ar:

- malartú eolais;
- cáilíocht agus éifeachtacht;
- bás páistí atá faoi chúram;
- comhfhreagairt chultúrtha sa chosaint; agus
- sainseirbhísí.

Tionólfar comhdháil Uile-Oileánda ar Chosaint Leanaí sa chéad leath de 2013. Roinnfidh toscairí na comhdhála eolas cleachtais, taighde agus foghlaim i measc lucht déanta polasaí, cleachtóirí agus bainisteoirí maidir le cumhdach agus cleachtais chosanta leanaí.

Féinmharú a Chosc

D'fháiltigh Airí roimh fhoilsiú na Straitéise athnuaite Cosanta Saoil i dTuaisceart Éireann agus nótaíl dul chun cinn ar athbhreithniú straitéis Cosc Féinmharaithe 'Lámh Chuidithe' in Éirinn.

D'fháiltigh an Chomhairle roimh thús thionscadail phíolótacha Fhóram Sláinte na bhFear. Dírionn tionscadal díobh ar cheantar Chollainn i mBéal Feirste a d'fhulaing leibhéil arda féinmharaithe i measc fir óga san am a chuaigh thart agus gearlann an ceann eile meáin shóisialta le lámh chuidithe a thairiscint d'fhir óga in Éirinn.

Tá Clár Féindochar bunaithe anois i ngach iontaobhas ospidéal i dTuaisceart Éireann, rud a fhágann go bhfuil cumhdach iomlán ar fud oileán na hÉireann. D'fhaomh Airí treoirlínte uile-oileánda do na meáin ar cuspóir dóibh tuairisciú dearfach an fhéinmharaithe agus d'fháiltigh roimh fheachtas *Please Talk* a nascann mic léinn chiaptha le tacaithe coláiste agus atá ag feidhmiú ar champais sa dá dhlínse.

Nótaíl Airí an comhoibriú leanúnach agus an dul chun cinn ar réimse gníomhaíochtaí laistigh den Phlean Gníomhaíochta Uile-Oileánda ar Fhéinmharú a Chosc. Cuireadh sonrú ar leith i gcomhroinnt cláir oideachais agus oiliúna agus foilsiú an fheidhmchláir ar líne *WorkOut* (www.workoputapp.ie) a dearadh le folláine mheabhrach fir óga a fheabhsú.

Cúrsaí AE

Nótáladh an Clár Uachtaránachta Sláinte atá le tabhairt chun cinn le linn Uachtaránacht na hÉireann ar an Aontas Eorpach sa chéad leath de 2013. Cuireadh de chúram ar oifigigh de chuid na Roinne Sláinte comhréimsí spéise a fhiosrú le hoifigigh de cuid na Roinne Sláinte, Seirbhísí Sóisialta agus Sábháilteachta Poiblí roimh an chomhdháil ardleibhéil ar ríomhsheirbhísí sláinte a thionólfadh Éire i mí na Bealtaine 2013.

Cuireadh an dóchas in iúl go leanfar de theagmháil Thuaidh Theas le linn na hUachtaránachta agus, nuair is cuí, go bhfreastalóidh an tAire Sláinte, Seirbhísí Sóisialta agus Sábháilteachta Poiblí ar chroí-imeachtaí.

CAWT

Thug *Co-operation and Working Together* (CAWT) cur i láthair don Chomhairle agus thréaslaigh Airí a gcuid oibre leo le fiche bliain anuas chun sláinte agus folláine phobail na teorann a fheabhsú.

D'fháiltigh Airí roimh dhul chun cinn a rinneadh i gcur i bhfeidhm thionscadal €30m EU INTERREG IVA "Tús Áite a Thabhairt d'Othair, Cliant agus Teaghlaigh" a bhainistigh CAWT. Tríd an tionscadal seo, tháinig feabhas ar fholláine breis agus 20,000 othar agus cliant agus sábháiltí don dá Roinn sláinte dá bharr.

Turasóireacht



Clé go deas: Joe Byrne, Tourism Ireland, Leo Varadkar TD, Aire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt, Michael agus Collette Quinlan, BITA ar ócáid de chuid *Tóstal Éireann 2013*.

Tháinig CATT i gceann a cheile i bhformáid Turasóireachta in Ard Mhacha ar 25 Eanáir agus 28 Samhain 2012. D'fhreastail Arlene Foster CTR, Aire Fiontar, Trádála agus Infheistíochta, agus Carál Ní Chuilín CTR, Aire Cultúir, Ealaíon agus Fóillíochta ar an dá chruinniú. D'fhreastail Leo Varadkar TD, Aire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt ar chruinniú mhí Eanáir agus Michael Ring TD, Aire Stáit ag an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt ar chruinniú mhí na Samhna.

Tá *Tourism Ireland Teo.* freagrach as oileán na hÉireann a mhargú thar lear mar láthair thurasóireachta. Tá Bord agus 12 stiúrthóir aige a cheapann CATT. Is iad an tUas. Brian Ambrose agus an tUas. Jim Flannery an Cathaoirleach agus an Leas-Chathaoirleach. Tá na stiúrthóirí reatha liostaithe in Iarscríbhinn a Trí. Is é an tUas. Niall Gibbons Príomhfheidhmeannach *Tourism Ireland*. Tá níos mó sonraí ar fáil ag www.tourismireland.com.

Léirigh an forbheathnú feidhmíochta do 2011 méadú i líon na gcuariteoirí eachtracha don chéad uair ó 2007. Nótáil Airí an laghdú i líon na gcuariteoirí ar oileán na hÉireann ón Bhreatain Mhór le blianta beaga anuas ach d'fháiltigh roimh obair an *Tourism Recovery Taskforce*, ar a bhfuil Tourism Ireland, Bord Turasóireachta thuaisceart Éireann, Fáilte Éireann agus ionadaithe tionscail, ar fhorbairt Straitéis *GB Path to Growth* le tabhairt faoin cheist seo. Nótáil Airí moltaí na straitéise seo a chuirfidh *Tourism Ireland* i bhfeidhm ó 2013 i leith.

Thug an Cathaoirleach agus PF nuashonrú d'Airí ar obair Bhord *Tourism Ireland*, forfheidhmiú Phleananna Gnó 2011 agus 2012 agus forbairt Phlean Gnó 2013 san áireamh. I measc na bhforbairtí suntasacha bhí:

- feidhmiú céimneach fheachtas nua fógraíochta domhanda 'Jump into Ireland' an mórfheachtas fógraíochta *ni2012* atá ar siúl ar fud an domhain agus teagmháil aige le 100 milliún duine agus "glasú" sainchomharthaí móra agus láithreáin mhórchlú ar fud na cruinne ar Lá Fhéile Pádraig lena n-áirítear Túr Claonta Pisa, Eas Niagara, Súil Londan, Sliabh an Bhoird san Afraic Theas agus Pálás an Phrionsa i Monacó;
- Féile Titanic Bhéal Feirste 2012, oscailt ionad úr cuairteoirí ag Clochán an Aifir, Craobh Oscailte Gailf na hÉireann ag Club Ríoga Gailf Phort Rois agus 50ú Féile Bhéal Feirste ag Ollscoil na Banríona;
- mórimeachtaí agus mórthionscnaimh thurasóireachta atá beartaithe do 2013 lena n-áirítear Tóstal Éireann 2013, an tionscnamh turasóireachta is mó riamh in Éirinn a dhíreoidh go sonrach ar shraith mórfhéilte ó cheann ceann na bliana, chomh maith le seachimeachtaí sainspéise agus clár faoi cheannasaíocht phobail; Céad Chathair Chultúir RA i 2013 ag teacht go hanchuí sna sála ar chlár *ni2012* agus na Cluichí Domhanda Póilíní agus Comhraiceoirí Dóiteáin 2013 an ócáid spóirt is mó dár óstáladh riamh i mBéal Feirste. Leagadh amach don Chomhairle ról *Tourism Ireland* i margaíocht an dá thionscnamh seo thar lear;
- feidhmiú céimneach tacar úr suíomhanna gréasáin ar cuspóir dóibh teacht i dtír ar mhéadú thábhacht an idirlín i bpleanáil taistil agus laethanta saoire agus leas a bhaint as ollfhás na meán sóisialta; agus
- Tugadh cuireadh don Aire Foster agus don Aire Ní Chuilín agus d'oifigigh bhainteacha freastal ar imeachtaí Uachtaránacht AE a bhaineann le Turasóireacht agus Spórt.



Clé go Deas: Arlene Foster CTR, Aire Fiontar, Trádála agus Infheistíochta, An Ró-Onórach Peter Robinson CTR Ceád-Aire agus Martin McGuinness CTR, LeasCheád-Aire ag *northern ireland 2012 your time our place*.

Iompar



Clé go Deas: Alex Attwood CTR, Aire Comhsaoil, Leo Varadkar TD, Aire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt agus Danny Kennedy CTR Aire Forbartha Réigiúnaí ar Chruinniú Iompair CATT 20 Aibreán 2012.

Bhí dhá chruinniú Iompair CATT ann ar 20 Aibreán 2012 agus ar 5 Deireadh Fómhair 2012. D'fhreastail an tAire Varadkar TD, Aire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt, an tAire Kennedy CTR, Aire Forbartha Réigiúnaí agus An tAire Attwood CTR, Aire Comhshaoil ar an dá chruinniú.

Bóithre

I mí Feabhra 2012, d'fhógair Airí Fheidhmeannas TÉ pacáiste infheistíochta faoi choinne mórthionscadail bóithre lena n-áirítear dhá chuid de thionscadail an A5 agus an A8. Mhaígh Rialtas na hÉireann go bhfuil siad tiomanta fós do thionscadal cómhaoinithe A5, a bhfuil tábhacht straitéiseach leis i Réigiún an Iar-Thuaiscirt agus ar an oileán ina iomláine, a chur i gcrích ach nach bhfuil siad sa dóigh a dtig leo gealltanais maoinithe a dhéanamh don tréimhse iar-2016 roimh mhachnamh ar an chéad Chreat Athbhreithniú Caipitil eile (a bhfuiltear ag dúil leis i 2015).

Nótáil Airí go ndearnadh na hOrduithe cuí le hobair thógála ar dhá chuid den A5 a éascú. Nótáil Airí fosta go n-ullmhófar sceideal nuashonraithe garspriocanna agus íocaíochta, don tréimhse dar críoch 2016 ag cruinniú Iompair CATT amach anseo. Thug siad dá n-aire fosta gur cuireadh tús leis an obair thógála ar thionscadal an A8 agus go bhfuiltear ag dúil lena chur i gcrích go luath i 2015.

Sábháilteacht ar Bhóithre

D'fháiltigh an Chomhairle roimh an roinnt leanúnach eolais agus taithí idir oifigigh ón dá dhlínse ar fhobairt agus soláthar straitéisí sábháilteacht ar bhóithre lena chinntiú gur ann don chur chuige is fearr le líon agus déine gortuithe a laghdú ar fud an oileáin. Áiríodh leis seo dul chun cinn ar laghdú teorainneacha tiomáint faoi thionchar dí sa dá dhlínse. Roinn an Chomhairle fosta dul chun cinn ar dhréachtú reachtaíochta le córas oiliúna, tástála agus iar-thástála tiománaithe Thuaisceart Éireann a fheabhsú.

D'fháiltigh Airí roimh an chomhoibriú onghníomhach leanúnach le tabhairt faoi réimse leathan gníomhaíocht mhídhleathach laistigh de na tionscail tarlú earraí agus iompar paisinéirí lena n-áirítear:

- cur chuige níos dírithe i leith fhorfheidhmiú an dlí;
- idirchaidreamh leanúnach ar oibrioctaí forfheidhmiú dlí trasteorann i 2012 sa dá dhlínse;
- comhoibriú maidir le caighdeáin feithiclí lena n-áirítear comhaintint faomhadh cineálacha feithicle, a éascóidh simpliú an phróisis chlárúcháin; agus
- malartú sonraí ar fheithiclí eachtracha neamh-ródacmhainneacha sa dá dhlínse agus beartú dá réir.

D'fháiltigh an Chomhairle roimh an chomhoibriú den scoth ar fhorfheidhmiú rialacha tacagraf agus uaireanta tiomána AE agus an malartú oiliúna d'oifigigh forfheidhmiúcháin atá á mholadh le haghaidh 2013.

Aitheantas Frithpháirteach Pointí Pionóis

Tá téarmaí tagartha agus ballraíocht an ghrúpa stiúrtha agus na meithle aontaithe anois le hobair a thabhairt chun cinn ar aitheantas frithpháirteach pointí pionóis. D'aontaigh Airí ar amchlár na ngarspriocanna is tábhachtaí le go mbeadh an reachtaíocht riachtanach, idir phríomha agus thánaisteach, ar fáil faoi 31 Nollaig 2014 agus aontaíodh go dtuairisceofar nuashonrú ag an chéad chruinniú iompair CATT eile.

Nasc Iarnróid Bhéal Feirste Bhaile Átha Cliath

Phléigh an Chomhairle dul chun cinn ag NIR agus Iarnród Éireann ar fheabhsú fheidhmíocht sheirbhís *Enterprise* lena n-áirítear:

- iontaofacht agus poncúlacht fheabhsaithe;
- féidearthacht amchlár uaire a chur ar fáil; agus

- feabhsúcháin bheartaithe ghearrthéarmacha le comhlánú i 2012, lena n-áirítear obair le hiontaofacht inneall féinghluaiste a fheabhsú, ídiú breosla a laghdú agus Wi-Fi a fheistiú i dtraenacha *Enterprise*.

Nótáil Airí fosta go bhfuil pleananna meántéarmacha ag NIR, faoi réir maoiniú a bheith ar fáil, caighdeán an iarnróid reatha a fheabhsú. Tá an gnólacht ag forbairt cás gnó fosta faoi choinne mol iompair ilmhódach i Sráid Victoria Mhór Bhéal Feirste a d'fheabhsódh rochtain lár cathrach do phaisinéirí *Enterprise* agus d'fhéadfaí machnamh ar fhéidearthachtaí infheistíochta níos fadtéarmaí laistigh de chomhthéacs chinntí an AE atá chugainn ar an chéad chlár eile de chuid TEN-T.

Taisteal agus Iompar Inbhuanaithe

D'fháiltigh Airí roimh an chomhoibriú leanúnach idir an Oifig Náisiúnta um Taisteal Inbhuanaithe agus an *Travelwise Initiative* leis an siúl, rothaíocht, iompar poiblí agus roinnt carranna a chur chun cinn ar fud an oileáin.

Fóram ar Lasta

Phléigh Airí cur i gcrích obair an Fhórait Uile-Oileánda ar Lasta agus d'fháiltigh roimh an chaidreamh agus comhoibriú a forbraíodh tríd an Fhóram ar Lasta. Tá siad ag dréim go leanfaidh siad seo ar aghaidh.

Muirear HGV agus Cabatáiste

Rinne Airí a machnamh ar chinneadh na Roinne Iompair reachtaíocht a thabhairt isteach arbh é táille a ghearradh sa RA ar úsáideoir bóthair HGV an toradh a bheadh uirthi. Thug an Chomhairle dá haire gur iarradh soiléiriú ar an Choimisiún Eorpach ar chúrsaí a bhaineann le cabatáiste busanna. Phléigh Airí impleachtaí féideartha Phacáiste Ródacmhainneachta an AE.

Dobharshaothrú agus Cúrsaí Mara



Michelle O'Neill CTR, Aire Talmhaíochta agus Forbartha Tuaithe, Nelson McCausland CTR, Aire Forbartha Sóisialta, Pat Rabbitte TD, Aire Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha agus Fergus O'Dowd TD, Aire Stáit, An Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha ar bord an 'Derry~Londonderry Clipper' i ndiaidh chruinniú Ghníomhaireacht na Lochanna CATT ar an 4 Iúil.

Bhí cruinniú i bhformáid earnáil Dobharshaothrú agus Cúrsaí Mara ag CATT le cinní a dhéanamh ar pholasaithe agus bearta atá le cur i bhfeidhm ag Coimisiún an Fheabhail, Chairlín agus Shoilse na hÉireann (FCILC). Tá Bord 12 chomhalta ag FCILC a cheapann CATT. Is é an Bord a chuireann bearta an Fhorais i bhfeidhm maidir le ceantair an Fheabhail agus Chairlín trí Ghníomhaireacht na Lochanna. Is iad An tUas. Winston Patterson agus an tUas. Alan McCulla an Cathaoirleach agus an Leas-Cathaoirleach. Tá liosta de na comhaltaí reatha Boird in Iarscríbhinn a Trí. Is é an tUas John Pollock, a ceapadh i mí na Nollag, Príomhfheidhmeannach Feidhmeach Ghníomhaireacht na Lochanna. Tá tuilleadh mionsonraí ar fáil ag www.loughs-agency.org.

Le linn 2012 bhí cruinnithe Dobharshaothrú agus Cúrsaí Mara CATT ann ar an 1 Márta, 4 Iúil agus 12 Nollaig. D'fhreastail Michelle O'Neill CTR, Aire Talmhaíochta agus Forbartha Tuaithe agus Nelson McCausland CTR, Aire Forbartha Sóisialta ar na trí chruinniú uile. D'fhreastail Pat Rabbitte TD, Aire Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha ar chruinnithe Iúil agus Nollaig agus d'fhreastail Fergus O'Dowd TD, Aire Stáit, An Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha ar chruinnithe Mhárta agus Iúil.

Tuarascáil ar Dhul Chun Cinn

Thug an Cathaoirleach agus an Príomhfheidhmeannach Tuarascálacha ar Dhul Chun Cinn obair Ghníomhaireacht na Lochanna. Áirítear leis na croífhorbairtí a pléadh:

- ionsaithe ar fhoireann forfheidhmiúcháin Ghníomhaireacht na Lochanna agus ar Fhaireoirí Abhann deonacha, dhá ionsaí thromhchúiseacha san áireamh;
- forbairt plean foirmiúil oibríochta le PSNI agus an Garda Síochána le tabhairt faoi na hionsaithe seo;
- D'fháiltigh Airí roimh laghdú ar theagmhais foréigin ar Oifigigh lascaigh ar chruinniú mhí na Nollag agus tugadh dá n-aire pianbhreitheanna coimeádta a tugadh le déanaí as cionta den sórt;
- an rath a bhí ar bhearta forfheidhmiúcháin na Gníomhaireachta faoi na Rialúcháin Iascach Oisrí agus an feabhsúchán i bpobal oisrí Loch Feabhail agus laghdú i dteagmhais *Bonamia*;
- an forógra a chuir ar fionraí iascaireacht tráchtála i Loch Feabhail agus ar an Fheabhal taoidmhear le cuidiú leis an Bhradán Atlantach teacht slán. Is ábhar mór imní an cheist seo nuair is lú ná 5% de na hógbradáin a fhágann an córas a fhilleann ina mbradáin lánfhásta;
- síniú Meamram Tuisceana idir Údarás Sábháilteacht Bhia na hÉireann agus an Ghníomhaireacht agus an tionchar dearfach a bheas aige ar shláinteachas sliogiasc;
- dul chun cinn ar Thurasóireacht Mhuirí agus ar Fhorbairt Slatiascaireachta, go háirithe cur i gcrích an phontúin ag Meadowbank agus páirt shuntasach na Gníomhaireachta in imeachtaí *Clipper Round the World*;
- ullmhúcháin le haghaidh imeachtaí slatiascaireachta mara agus breac sna Cluichí Domhanda Comhraiceoirí Dóiteáin agus Póilíní;
- beidh an Ghníomhaireacht ag obair i bpáirt le hoifigí Chathair an Chultúir i 2013 i ndúil gur féidir an Feabhal a bheith mar chuid den cheiliúradh;
- Thug an Chomhairle dá n-aire gur éirigh le Gníomhaireacht na Lochanna mar cheannasaithe ar pháirtithe ó Ollscoil Ghlaschú agus Ollscoil na Bannriona Béal Feirste maoiniú a fháil trí INTERREG IVA don tionscadal "Integrated Aquatic Resource Management Project between Ireland, N. Ireland and Scotland (IBIS)". Is é aidhm fhoriomlán an tionscadail seo cur chuige comónta a fhorbairt le hoiliúint ardtosaíochta, taighde agus comhroinnt eolais a sholáthar, tacú le bainistíocht acmhainní agus polasaí fionnuisce agus muirí agus leis an bhithéagsúlacht a dtacaíonn na héicea-chórais seo leo. Tuairim

ar £8 milliún luach iomlán an chláir a mhaireann ó Lúnasa 2011 go Meitheamh 2015.

NASCO 2013

Ar chruinniú mhí na Nollag rinne an tAire Rabbitte tagairt d'Éirinn ag óstáil chruinniú bliantúil Eagraíocht Chaomhnaithe Bhradán an Atlantaigh Thuaidh (NASCO) i Meitheamh 2013 agus thug cuireadh dá chomh-Airí bheith páirteach sa chruinniú sin.

Reachtaíocht

Faomhadh na Rialúcháin seo a leanas le hiascaigh an Fheabhail agus Chairlinn a chosaint:

- Rialúcháin 2012 Cheantar an Fheabhail (Ceadúnais Slatiascaireachta Iascach Greenbraes);
- Rialúcháin 2012 Cheantar an Fheabhail agus Chairlinn (Slatiascaireacht) (Leasú); agus
- Rialúcháin 2012 Cheantar iarshníoch an Fheabhail (Rialú Iascaireachta) (Leasú).

D'fhaomh an Chomhairle fosta go ceann bliain eile, go Iúil 2013, nós imeachta le tacú le Gníomhaireacht na Lochanna dul i ngleic, trí rialúcháin, le géarchéimeanna.

Socruithe Pinsean Gníomhaireacht na Lochanna

Tá breithmheas curtha i gcrích ag Gníomhaireacht na Lochanna i gcomhar leis na Ranna Urraíochta ar na roghanna lena socruithe pá agus pinsean a thabhairt chun rialtachta. Moladh sa bhreithmheas seo go ndéanfadh an Gníomhaireacht na bearta cuí le dul leis an Scéim Pinsean Thuaidh Theas. Tá na Ranna Urraíochta agus Airgeadais ag machnamh ar na himpleachtaí dlí agus airgeadais atá leis an Gníomhaireacht dul leis an Scéim agus cuirfear moltaí faoi bhráid chruinniú Dobharshaothrú agus Cúrsaí Mara CATT amach anseo le go bhfaomhfar iad.

Comhaontú Bainistíocht Dobharshaothraithe

D'fháiltigh Airí roimh an dul chun cinn go sea ar fhorbairt Comhaontú Bainistíocht Dobharshaothraithe agus go háirithe aidhm Gníomhaireacht na Lochanna agus na Roinne Talmhaíochta, Bia agus Mara Comhaontú Bainistíochta foriomlán a bheith acu le linn 2013 le ceadúnú dobharshaothraithe i Loch Feabhail a thabhairt chun cinn.

Ballraíocht an Bhoird

D'fhaomh Airí ceapadh Laurence Arbuckle ar Bhord Choimisiún an Fheabhail, Chairlín agus Shoilse na hÉireann i gcomharbacht ar Tharlach Ó Crosáin.

Sábháilteacht Bhia



Campaign urging consumers to check the dates and cut food waste. Feachtas le tomhaltóirí a spreagadh le dátaí a sheiceáil agus gearradh anuas ar fhuíoll bia

Tháinig CATT i gceann a chéile ar chúrsaí Sábháilteacht Bhia le cinntí a dhéanamh ar pholasaithe agus bearta atá le cur i bhfeidhm ag an Bhord um Chur Chun Cinn na Sábháilteachta Bia (FSPB). Feidhmíonn FSPB faoin aitheantóir branda '*biaslán*'. Tá Bord Comhairleach 12 chomhalta aige, a cheap CATT, arb é a bpríomhghnó sábháilteacht bhia a chur chun cinn agus tacú le comhoibriú eolaíoch idir institiúidí a oibríonn sa réimse sin.

Is iad Lynn Ní Bhaoighealláin agus Darina Allen an Cathaoirleach agus an Leas-Chathaoirleach faoi seach. Tá liosta de na comhaltaí reatha Boird in Iarscríbhinn a Trí. Is é an tUas. Martin Hggins Príomhfheidhmeannach *biaslán*. Tá tuilleadh mionsonraí ar fail ag www.safefood.eu.

Le linn 2012, bhí cruinnithe Sábháilteacht Bhia CATT ann ar 2 Feabhra, 18 Iúil agus 21 Samhain. D'fhreastail James Reilly TD, Aire Sláinte, Frances Fitzgerald TD, Aire Leanaí agus Gnóthaí Óige, Edwin Poots CTR, Aire Sláinte, Seirbhísí

Sóisialta agus Sábháilteachta Poiblí agus Michelle O'Neill CTR, Aire Talmhaíochta agus Forbartha Tuaithe ar na trí chruinniú uile.

Ar na cruinnithe seo, fuair Airí tuarascálacha ar dhul chun cinn ón Chathaoirleach agus ón Phríomhfheidhmeannach ar ghníomhaíochtaí *biaslán*.

I measc na dtuarascálacha seo, bhí nuashonruithe ar ghníomhaíochtaí eolaíochta agus cur chun cinn a rinne an Foras lena n-áirítear:

- an rath a bhí ar fheachtas otrachta agus rómheáchain “Stop the Spread” a bhuaigh an gradam óir in earnáil an chúraim shláinte ar Ghradaim Mhargaíochta Imeasctha *An Post* 2012;
- obair forbartha ar tháscaire le bochtanas bia a thomhas; agus
- obair i gcomhfheachtas leis an Roinn Comhshaoil agus an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil ar thuiscint custaiméirí ar dhátaí “b’fhearr roimh” agus “úsáid faoi”.

Tugadh cur i láthair d’Airí ar obair *Knowledge Networks*. Is cuidiú iad na gréasáin seo maidir le héascú tuilleadh comhroinnt eolais acu siúd atá páirteach i ngach cuid den slabhra bia chun tacú le sábháilteacht bhia agus í a fheabhsú.

D’fháiltigh Airí roimh fhoilsiú thuarascáil *biaslán* “Galair Ionfhabhtaíochta Stéigeacha ar Oileán na hÉireann 2000-2010” agus aithníodh obair leanúnach *biaslán* ar ghalair den sórt.

D’fháiltigh Airí roimh thuarascáil ar cheisteanna sábháilteacht bhia atá ag teacht chun cinn a d’ullmhaigh Coiste Comhairleach Eolaíochta *biaslán*. Bhí moladh sa tuarascáil seo ar shamhail nua le dul i ngleic le ceisteanna sábháilteacht bhia atá ag teacht chun cinn ar bhonn uile-oileánda.

Athcheapadh Martin Higgins mar PF *biaslán* go dtí Bealtaine 2015. Ceapadh An Dr. Mary Upton agus an tUas. Robert Huey mar Chathaoirleach agus Leas-Chathaoirleach ar an Choiste Chomhairleach Eolaíochta agus ceapadh cúigear comhaltaí nua ar an choiste fosta.

Uiscebhealaí Intíre



Clé

Clé go deas: Aire Sóisearach OFMDFM Jonathan Bell CTR, Carál Ní Chuilín MLA, Aire Cultúir, Ealaíon agus Fóillíochta, Jimmy Deenihan TD, Aire Ealaíon, Oidhreachta agus na Gaeltachta agus an tAire Dinny McGinley TD, Aire Stáit a bhfuil freagrachtaí ar leith aige as Cúrsaí Gaeltachta ar chruinniú Uiscebhealaí Éireann CATT ar 9 Iúil 2012.

Tá Uiscebhealaí Éireann freagrach as bainistíocht, cothabháil, forbairt agus athchóiriú na gcóras uiscebhealaí intíre inseolta ar fud an oileáin, le haghaidh caitheamh aimsire go príomha. Tá sé freagrach faoi láthair as na huiscebhealaí seo a leanas: Loingseoireacht na Bearú, Córas na hÉirne, An Mhór-Chanáil, Loingseoireacht na Banna Íochtair, An Chanáil Ríoga, Uiscebhealach na Sionainne-na hÉirne agus Loingseoireacht na Sionainne. Is tuairim ar 1,000 km d'uiscebhealaí inseolta san iomlán atá i gceist. Tá sé freagrach fosta as athchóiriú na coda de Chanáil Uladh idir Cluain Eois agus Loch Éirne Uachtair agus, i ndiaidh a athchóirithe, as a bainistíocht, cothabháil agus forbairt. Is é an tUas. John Martin Príomhfheidhmeannach Uiscebhealaí Éireann. Tá tuilleadh mionsonraí ar fáil ag www.waterwaysireland.org.

Tháinig CATT i gceann a chéile i bhformáid earnála Uiscebhealaí Intíre in Inis Ceithleann ar 14 Feabhra agus in Ard Mhacha ar 9 Iúil agus 12 Nollaig. D'fhreastail Dinny McGinley TD, Aire Stáit a bhfuil freagracht ar leith aige as Gnóthaí Gaeltachta, Carál Ní Chuilín CTR, Aire Cultúir, Ealaíon agus Fóillíochta agus Jonathan Bell CTR, Aire Sóisearach OFMDFM ar an chruinniú in Inis Ceithleann. D'fhreastail Jimmy Deenihan TD, Aire Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta, Dinny McGinley TD, Aire Stáit a bhfuil freagracht ar leith aige as Gnóthaí Gaeltachta,

Carál Ní Chuilín CTR, Aire Cultúir, Ealaíon agus Fóillíochta agus Jonathan Bell CTR, Aire Sóisearach OFMDFM ar an dá chruinniú.

I measc ghnóthachtálacha príomha Uiscebhealaí Éireann bhí:

- an clár leanúnach urraíochta ag Uiscebhealaí Éireann le feasacht ar uiscebhealaí ar fud na loingseoireachtaí a chur chun cinn agus 94 d'imeachtaí urraithe go dtí seo ar a raibh tinreamh measta suas le 1.1 milliún duine agus luach measta do gheilleagar an dá dhlínse dar suim breis agua €85 milliún;
- cothabháil na n-uiscebhealaí agus 99% acu ar oscailt ó Aibreán go Deireadh Fómhair;
- faoi 31 Deireadh Fómhair 2012, bhí 591 méadar de mhúráil bhreise curtha ar fáil – 50m ag Duga Spencer ar Chanáil Ríoga Bhaile Átha Cliath agus 541m ag Páirc Foraoise Loch Cé ar loingseoireacht na Sionainne;
- 4 fhoilseachán nua, “*A Taste of the Waterways*”, “*Guide to the Barrow*”, “*Good Boating Guide*” agus “*What’s On 2012*”;
- páirtíocht leanúnach agus teagmháil le tionscadal INTERREG IVC *Waterways Forward*; agus
- Sheol an tAire Deenihan agus an tAire Quinn Clár Oideachais Uiscebhealaí Éireann, lenar áiríodh forbairt pacáí oideachais do scoileanna, in Ionad Cuairteoirí Uiscebhealaí Éireann i mí na Samhna agus bhí an tAire Ní Chuilín in éineacht leis an Aire Deenihan lena sheoladh ar an chruinniú in Ard Mhacha ar 12 Nollaig 2012.

Ar chruinniú mhí na Nollag thug an Dr. Paula Tracey, Oifigeach Sinsearach Comhshaoil, Uiscebhealaí Éireann cur i láthair ar iarmhairtí diultacha Speicis Ionracha ar na huiscebhealaí. Dhírigh an cur i láthair ar na cineálacha speicis ionracha, bíodh siad ina bplandaí uisceacha, plandaí bruachánacha, éisc agus inveirteabraigh agus an tionchar atá ag gach speiceas ar ghréasán na n-uiscebhealaí. Pléadh fosta bearta le dul i ngleic le fadhbanna a bhaineann le speicis ionracha.

Fuair an Chomhairle tuarascáil ar dhul chun cinn ar an obair chóiriúcháin ar chuid Chluain Eois go Loch Éirne Uachtair de Chanáil Uladh. Nótáil Airí an chéad chruinniú den Ghrúpa Idir-Ghníomhaireachta ar Chanáil Uladh a tionóladh ar 20 Meán Fómhair. Scrúdóidh an grúpa roghanna maoiniúcháin don tionscadal agus tá an tionscadal ag leanúint dá dhul chun cinn tríd an phróiseas pleanála sa dá dhlínse. D’fhreagair Uiscebhealaí Éireann do gach iarratas ar shoiléiriú agus do gach agóid go dtí seo agus táthar ag fanacht le cinneadh ó Chomhairle Contae Mhuineacháin agus ó Seirbhís Phleanála na Roinne Comhshaoil.

Thoiligh an Chomhairle roinnt diúscairtí réadmhaoine le linn 2012.

Tá PF Uiscebhealaí Éireann le dul ar scor ar an 31 Márta 2013. Ar chruinniú mhí na Nollag, thug Airí buíochas dó as a bhfuil déanta aige ar son an Fhorais agus thug dá n-aire an próiseas le PF úr a cheapadh.

Athbhreithniú Chomhaontú Chill Rímhinn–Moltaí Uiscebhealaí Éireann

Ar chruinniú 14 Feabhra 2012, tharchuir Airí ceithre mholadh le haghaidh a gceadaithe chuig Cruinniú Iomlánach 2012. Ba iad seo a leanas na moltaí a bhí i gceist :

- go ndéanfadh na ranna urraíochta a machnamh ar roghanna a bhaineann le Bord a bhunú ar a bhfuil níos lú ná dhá chomhalta dhéag agus moltaí a chur i láthair le go measfar iad ar chruinniú Uiscebhealaí Intíre CATT amach anseo;
- go gcuirfeadh na ranna urraíochta i bhfeidhm, de réir mar is cuí, trí athruithe ar an reachtaíocht nó trí ghléas eile riaracháin, foráil de minimis le déileáil le hUiscebhealaí Éireann a fháil réidh le huiscebhealach nó le cuid d'uiscebhealach;
- go n-athbhreithneodh na ranna urraíochta na forálacha reatha a bhaineann le gníomhaíochtaí tráchtála Uiscebhealaí Éireann lena chinntiú gur leor iad agus le tuairisciú le cruinniú Uiscebhealaí Intíre CATT amach anseo; agus
- Na tosca reatha eacnamaíochta agus fioscacha a chur san áireamh agus nach ndéanfar aon bheart eile i láthair na huaire le téarmaí tagartha Uiscebhealaí Éireann a leathnú.

Teanga



Is é atá san Fhoras Teanga dhá ghníomhaireacht ar leith – Gníomhaireacht na Gaeilge/Foras na Gaeilge agus Gníomhaireacht na hUltaise/Tha Boord O Ulstèr-Scotch. Cuireann na gníomhaireachtaí chun cinn an Ghaeilge agus teanga agus cultúr na hUltaise faoi seach. Is é CATT a cheapann Bord an Fhorais Theanga. Is é Liam Ó Maoilmhichíl cathaoirleach Fhoras na Gaeilge. Is é Tom Scott cathaoirleach Tha Boord O Ulstèr- Scotch. Is iad an tUas. Ó Maoilmhichíl agus an tUas. Scott Comh-Chathaoirligh an Fhorais Theanga.

Tá 15 chomhalta eile ar Bhord Fhoras na Gaeilge agus 7 gcomhalta eile ar Tha Boord O Ulstèr-Scotch. Tá liosta de na comhaltaí reatha in larscríbhinn a Trí. Is é an tUas. Ferdie Mac an Fhailigh Príomhfheidhmeannach Fhoras na Gaeilge. Is é an tUas. Ian Crozier Príomhfheidhmeannach Tha Boord O Ulstèr-Scotch. Tá tuilleadh mionsonraí ar fáil ag www.forasnagaeilge.ie agus ag www.ulsterscotsagency.com.

Bhí trí chruinniú Teanga CATT ann i 2012 ar 14 Feabhra, 9 Iúil agus 12 Nollaig. D'fhreastail Jimmy Deenihan TD, Aire Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta, Carál Ní Chuilín CTR, Aire Cultúir, Ealaíon agus Fóillíochta, Dinny McGinley TD, Aire Stáit a bhfuil freagracht ar leith aige as cúrsaí Gaeltachta agus Jonathan Bell CTR, Aire Sóisearach OFMDFM. Fuair Airí tuarascálacha ar dhul chun cinn ó bheirt

Chathaoirleach agus ó bheirt PF an dá ghníomhaireacht. Ar na croífhorbairtí a pléadh bhí:

- comhoibriú leanúnach ar cheisteanna rialachais agus cur chun cinn, lena n-áirítear athbhreithniú na Scéime Comhionannais;
- páirtíocht i gcomhimeachtaí sárthaispeántais agus i gClár Ambasadóirí Óga; agus
- cainteanna ar sceideal comhchruinnithe Boird le díriú ar chomhthionscadail agus iad a thabhairt chun cinn.

D'fhorbair Foras na Gaeilge gréasán oiliúna ar líne d'aistritheoirí agus d'eagarthóirí (mionsonraí ag www.aistear.ie) agus chuir eagrán úr den acmhainn chuimhne aistriúcháin ar fáil d'aistritheoirí agus d'eagarthóirí creidiúnaithe ina bhfuil téarmaíocht na seirbhíse poiblí agus téarmaíocht ghinearálta araon. Lean siad de naisc a thógáil idir Éirinn agus Albain trí thionscadail *Colmcille* agus *Tonnta* atá ag ullmhú nasc idir scoileanna trí phodchraoltaí idir Béal Feirste, Dún na nGall agus Siorrachd Lannraig a Tuath. Tá maoiniú curtha ar fáil acu fosta faoi choinne sainchúrsaí seirbhíse phoiblí:

- agus 1,200 ag freastal ar ranganna oíche;
- breis agus 2,200 páirteach i bhfoghlaim ar líne; agus
- cuireadh an Ghaeilge chun cinn i measc daoine óga trí mhaoiniú beagnach €500,000 do 66 campa samhraidh agus 77 d'imeachtaí óige.

Tá Foras na Gaeilge ag obair fosta le húsáid na Gaeilge a chur chun cinn i gcomhthéacs gnó in earnáil na bhfiontar beag agus meánmhéide agus tugadh tacaíocht cistiú meaitseála do 125 gnólacht.

Phléigh Airí forbairtí ar na mallaibh a bhaineann le mórfhoclóir nua Béarla/Gaeilge agus d'fhaomh, laistigh den bhuiséad reatha, amchlár athbhreithnithe ina bhfoilseofar leagan leictreonach ar líne faoi dheireadh 2012 agus leagan clóite i 2015.

Tugadh faisnéis don Chomhairle ar mholtaí atá á bhforbairt ag Gníomhaireacht na hUltaise le ceantair *Hairtlan* na hUltaise a chur chun cinn agus tacú leo. Is é an aidhm atá leis seo, oidhreacht na hUltaise a chaomhnú, a chosaint agus a chur i láthair trí ainmniú geografach.

Phléigh Airí fosta dul chun cinn ar fhorbairt samhail nua mhaoinithe bhunmhaoiniú Foras na Gaeilge d'earnáil dheonach na Gaeilge a bheas mar fhócas an chéad Chruinniú Earnáil Teanga 2013.

Ar chruinniú mhí na Nollag, nótaíl Airí gur cuireadh faoi bhráid an Tionóil agus Thithe an Oireachtais ar 11 Iúil 2012 agus ar 7 Nollaig 2012 faoi seach tuairisc agus cuntais chomhdhlúite 2008 agus 2009 an Fhorais Theanga. Thug siad treoir d'Fhoras na Gaeilge agus do Ghníomhaireacht na hUltaise go gcuimseofaí, mar

chroíthosaíocht ina bpleananna gnó 2013, foilsiú chuntais an Fhorais Theanga do 2010, 2011 agus 2012.



D'éirigh le Gníomhaireacht na hUltaise bliain rathúil eile a chur díobh de shraith dhrámaíochta 'Pat and Plain' i 11 scoil agus *sheol an Ulster-Scots Foundation Certificate for Education in Highland Piping/ Teastas Oideachais na Piobaireachta Gaidhealtachta na Fundúireachta Ultaise*. I gcomhar leis an *Ulster-Scots Community Network*, sholáthair Gníomhaireacht na hUltaise Ceardlanna ar an Phlandáil do bhreis agus 400 páiste ar 17 scoil i gCúige Uladh, 14 díobh sin i gcontaetha na teorann mar atá, an Cabhán, Muineachán agus Dún na nGall. Thug an Ghníomhaireacht chun cinn fosta a chlár sárthaispeántais do bunscoileanna, lena n-áirítear comhaontú le scoileanna ar rannpháirtíocht, eagrú comhdháil tosaigh do mhúinteoirí agus bhunaigh Fóram Teanga na hUltaise ar a bhfuil ionadaíocht ó ghrúpaí teanga, an Grúpa Comhairleach Aireachta ar an Ultais (MAGUS), Ollscoil Uladh agus BBC Thuaisceart Éireann.

Cláir Speisialta AE



Toscairí ar Chomhdháil PEACE III a tionóladh i Halla na Cathrach, Béal Feirste Dé Máirt 13 Samhain 2012

Is é misean Foras Chláir Speisialta an Aontais Eorpaigh (SEUPB) cláir mhaoiniúcháin a bhainistiú agus a chur i bhfeidhm go héifeachtach thar ceann an dá rialtas agus an Aontais Eorpaigh arb aidhm dóibh feabhsúcháin shóisialta agus eacnamaíocha a chur ar fáil do mhuintir Thuaisceart Éireann agus na hÉireann trí chomhoibriú trasteorann, trasnáisiúnta agus idir-réigiúnach. Is é an tUas. Pat Colgan Príomhfheidhmeannach (SEUPB). Tá tuilleadh mionsonraí ar fáil ag www.seupb.eu.

Tionóladh cruinniú SEUPB CATT ar 4 Bealtaine 2012 in Ard Mhacha. D'fhreastail Brendan Howlin TD, Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, Sammy Wilson MP, CTR, Aire Airgeadais agus Pearsanra, agus Martina Anderson CTR, Aire Sóisearach OFMDFM. Bhí an tAire Howlin ina chathaoirleach ar an chruinniú.

I measc chroífhorbairtí SEUPB i 2012 bhí:

- dul chun cinn ar chur i bhfeidhm Chláir PEACE III i dtéarmaí measúnú iarratas agus faomhadh tionscadal. Tuairiscíodh ar Choiste Monatóireachta PEACE III i nDeireadh Fómhair 2012, gur faomhadh 194 tionscadal dar luach €356 milliún rud is ionann agus iomlán mhaoiniú tiomanta PEACE III a bhí le leithdháileadh;

- €140 milliún an caiteachas ar Chlár PEACE III a tuairiscíodh ar Choiste Monatóireachta PEACE III i nDeireadh Fómhair;
- dul chun cinn ar chur i bhfeidhm Chláir INTERREG IVA i dtéarmaí measúnú iarratas agus faomhadh tionscadal. Tuairiscíodh ar Choiste Monatóireachta INTERREG IVA i nDeireadh Fómhair 2012, go raibh luach €225.4 milliún nó 88% den chlár ar na Ceangaltais;
- €78.28 milliún an caiteachas ar Chlár INTERREG IVA a tuairiscíodh ar Choiste Monatóireachta INTERREG IVA i nDeireadh Fómhair;
- Faoi Mheán Fómhair 2012 bhí 35 tionscadal INTERREG IVA dar luach €60.69 milliún faofa ag grúpaí bunaithe i gceantair údaráis áitiúla;
- obair SEUPB le páirtíocht Thuaidh Theas a éascú i gcláir thrasnáisiúnta agus idir-réigiúnacha INTERREG IV. Faoi Mheán Fómhair 2012, bhí 64 páirtí tionscadail faighte ag SEUPB i ngach ceann de na cláir ábhartha;
- cumarsaid SEUPB faoi na tionchair dhearfacha atá ag Cláir AE trí dhá mhórchomhdháil ar Chláir PEACE III agus INTERREG IVA. Tionóladh comhdháil INTERREG IVA in Ostán Crowne Plaza, Dún Dealgan i Meán Fómhair. Tionóladh comhdháil PEACE III i mí na Samhna i Halla na Cathrach, Béal Feirste;

Thacaigh SEUPB le roinnt seoltaí ardphróifíle lena n-áirítear tionscadal gasógaíochta Castle Soundeson a mhaoinigh PEACE III agus tionscadal Spóirt Chluain Eois Oirthear Éirne agus Bainistíocht Acmhainní Uisceacha a mhaoinigh INTERREG IV A; agus

Chuir SEUPB tús i bhFómhar 2012 le comhairliúcháin phoiblí ar Chláir nua AE.

Athbhreithniú Chomhaontú Chill Rímhinn– Moladh SEUPB

Rinne Airí ar chruinniú CATT Bhealtaine 2012 a machnamh ar mholadh a bhaineann le bunú Boird don Fhoras Chláir Speisialta AE agus d'aontaigh na moltaí seo a leanas a chur faoi bhráid Chruinniú Iomlánach CATT i Meitheamh 2012 le go gceadófar iad:

- ba dheacair, agus socruithe reatha monatóireachta AE san áireamh, costas Boird a chosaint le go díreach 3% de bhuiséad SEUPB a riar; agus
- Scrúdóidh an dá Roinn Urraíochta socruithe reatha rialachais an SEUPB.

Trádáil agus Forbairt Ghnó



Clé go deas: Arlene Foster CTR, Aire Fiontar, Trádála agus Infheistíochta, Máire Geoghegan Quinn Coimisinéir AE um Nuáil, Martin Cronin, Cathaoirleach *InterTradelreland* agus Lucinda Creighton TD, Aire Stáit a bhfuil feagracht ar leith aici as Gnóthaí Eorpacha ar Chomhdháil 'Collaborate to Innovate' i Meitheamh 2012.

Bunaíodh an Foras Trádála agus Forbairt Ghnó, ar a dtugtar *InterTradelreland*, le heolas a mhalartú agus le hobair a chomhordú ar thrádáil, forbairt ghnó agus nithe bainteacha, i réimsí ina n-aontaíonn an dá dhá dháil go sonrach gur lena gcomhleas é. Tá Bord 12 chomhalta ag *InterTradelreland*, a cheapann CATT. Tá liosta de na comhaltaí reatha in larscríbhinn a Trí. Is é an tUas. Thomas Hunter McGowan Príomhfheidhmeannach *InterTradelreland*. Tá tuilleadh mionsonraí ar fáil ag www.intertradeireland.com

Tionóladh cruinnithe Trádála agus Forbairt Ghnó CATT in Ard Mhacha ar 1 Márta 2012 agus ar 28 Samhain 2012. D'fhreastail Richard Bruton TD, Aire Post, Fiontar agus Nuálaíochta, Arlene Foster CTR, Aire Fiontar, Trádála agus Infheistíochta agus John O'Dowd CTR, Aire Oideachais ar chruinniú 1 Márta agus d'fhreastail Richard Bruton TD, Aire Post, Fiontar agus Nuálaíochta, Arlene Foster CTR, Aire

Fiontar, Trádála agus Infheistíochta agus Carál Ní Chuilín CTR, Aire Cultúir, Ealaíon agus Fóillíochta ar chruinniú 28 Samhain.

Fuair Airí tuarascálacha ar dhul chun cinn ón Chathaoirleach agus Príomhfheidhmeannach ar ghníomhaíochtaí Inter *Tradel*reland. Ina measc seo bhí:

- cruthú i 2011 Luach Gnó £119.8M/€146.1M ó chomhlachtaí a bhí páirteach i gCláir Thrádála agus Nuála;
- 2,576 comhlacht ar Chláir Thrádála agus Nuála Inter *Tradel*reland agus a d'aimsigh Seirbhísí Eolas Gnó agus Comhairle thrasteorann;
- rinneadh dul chun cinn maith sa chéad leath de 2012 maidir le spriocanna dheireadh bliana 2012 lena n-áirítear 21 nuálaí céaduaire maidir le sprioc iomlán bliana 35. Cruthaíodh 115 post maidir le sprioc iomlán bliana 150 agus táthar ag dúil le sábháiltí éifeachtúlachta 6%;
- an obair atá déanta ag Inter *Tradel*reland le tacú le comhlachtaí lena n-áirítear scéim phiolótach dhá chlár nua “Challenge” agus “Elevate”. Tacaíonn na cláir seo le FBManna agus le micreaghnólachtaí bheith ag fás agus ag forbairt trí nuáil agus easpórtáil i ndálaí deacra margaidh sa dá dhlíne;
- moltaí a léiríodh i dtuarascáil de chuid Inter *Tradel*reland, *All Island Public Procurement: A Competitiveness Study* agus bunú Meitheal Thuaidh Theas chun bearta a thabhairt chun cinn le hinfheiceacht agus inrochtaineacht ar an mhargadh soláthar poiblí ar fiú £18 Billiún/€ 21 Billiún é agus ar croíghníomhaí éilimh sa gheilleagar é, a fheabhsú chomh maith le cumas FBManna tairiscintí a ghnóthú ar bhonn trasteorann;
- tionscnaimh reatha agus don am atá romhainn a d'fhorbair Inter *Tradel*reland le tuilleadh comhoibrithe a chur chun cinn agus a spreagadh le go méadófar iarratais ar Chreat-Chláir an AE. Sa tréimhse ó mhí na Samhna 2011 go mí Iúil 2012 bhí 63 aighneacht bhreise Thuaidh/Theas ann, d'éirigh le 19 acu agus tháinig maoiniú €20.5M dá mbarr. Is ionann seo agus maoiniú méadaithe 51.2% i gcomparáid leis an tréimhse ó thús Chlár FP7 go Samhain 2011;
- rath agus forbairt leanúnach Pháirtíocht Taighde agus Forbartha SAM-na hÉireann, lena n-áirítear mar a méadaíodh é le Teileachumarsáid agus Fuinneamh agus Inbhuanaitheacht a chuimsiú agus an moladh comhoibríoch is déanaí ‘WiPhyLoc8’ i réimse nua na Teileachumarsáide; agus
- Torthaí staidéar trasteorann Inter *Tradel*reland ar éiceachóras na nuála, a dhaingníonn an tuairim gur gléas ríthábhachtach le fás a chothú is ea tacú leis an nuáil. Tacaíonn cláir Inter *Tradel*reland le córas oscailte nuála ar fud an oileáin. Díriodh aird ar dhá rannpháirtí cláir ar leith - Clada Group agus Fast Engineering. Thuairiscigh an dá chomhlacht tairbhe shuntasach a bheith le baint as an chlár.

CAIBIDIL A CEATHAIR: GNÍOMHAÍOCHTAÍ FOR-ROCHTANA CHOMH-RÚNAIREACHT CATT

Is é chroifheidhm Chomh-Rúnaireacht na Comhairle Aireachta Thuadh Theas tacú le CATT ach, lena chois sin, bíonn baill foirne páirteach i ngníomhaíochtaí éagsúla arb aidhm dóibh teagmháil agus cumarsáid a dhéanamh le páirtithe leasmhara agus leis an phobal áitiúil. Is é aidhm na Chomh-Rúnaireacht Oifigí na Chomh-Rúnaireachta in Ard Mhacha agus an obair a dheanann an Chomh-Rúnaireacht agus CATT araon a chur chun cinn. I rith na bliana d'eagraigh an Chomh-Rúnaireacht roinnt imeachtaí le tacú leis an ról seo.



Ionadaithe de chuid an 'Comh-Choiste ar Fhorfheidmiú Chomhaontú Aoine an Chéasta' ar cuairt ag Oifigí CR CATT in Ard Mhacha ar 12 Eanáir 2012.

Déardaoin 12 Eanáir 2012, tháinig baill de chuid an 'Comh-Choiste ar Fhorfheidmiú Chomhaontú Aoine an Chéasta' ar cuairt ag Oifigí na Chomh-Rúnaireachta in Ard Mhacha. Bunaíodh an Comh-Choiste san Oireachtas i ndiaidh Chomhaontú Aoine an Chéasta/Bhéal Feirste. Tá ról tábhachtach ag an Choiste seo maidir le heolas a chur ar fáil ar chroírimsí comhshuime ar nós comhoibriú eacnamaíochta Thuaidh/Theas, go háirithe sa turasóireacht, iompar agus cumarsáid, infrastruchtúr agus talmhaíocht, athmhuintearas agus dul i ngleic leis an seicteachas, comhoibriú trasteorann sa phóilíneacht agus caidreamh Éireann/RA.

Is mór a chuaigh méid agus réimse obair na Comh-Rúnaireachta i bhfeidhm ar an Choiste. D'aithin siad fosta go bhfuil ríthábhacht ag baint le tionscnaimh turasóireachta, sláinte agus cultúir le forbairt shóisialta agus eacnamaíochta a fheabhsú i gceantair na teorann agus go gcuireann siad le luach na straitéisí a leagtar amach i gComhaontú Aoine an Chéasta/Bhéal Feirste. D'aithin siad gur Cathair í Ard Mhacha ar díol mór suntais í agus go léiríonn suíomh Oifigí CATT an rol a d'fhéadfadh a bheith ag an Chathair i bhforbairt caidreamh trasteorann.



Toscairí ar an 'Ionduchtú do Chomhaltaí nua Boird' in Oifigí Comh-Rúnaireachta CATT in Ard Mhacha in Eanáir 2012

Ar 18 Eanáir d'óstáil CR CATT ócáid ionductaithe ar éirigh go maith léi in oifigí Ard Mhacha do chomhaltaí nuacheaptha na bhForas Forfheidhmiúcháin Thuaidh Theas agus do *Tourism Ireland*.

Dhírigh an seisiún ar dhaingniú thábhacht an rialachais laistigh de na Forais Forfheidhmiúcháin Thuaidh Theas agus *Tourism Ireland*. Áiríodh leis an chlár forbhreathnú ó na Comh-Rúnaithe ar obair CATT agus na bhForas Thuaidh Theas, chomh maith le hachóimre ar fhreagrachtaí comhaltaí Boird. Thug painéal aoichainteoirí ar a raibh an Dr. David Dobbin CBE, (iar-Chathaoirleach *InterTradeIreland* agus Stiúrthóir Bainistíochta United Dairy Farmers Teo.), Padraic White, (iar-Stiúrthóir Bainistíochta Údarás Forbartha Tionscail na hÉireann) agus Bernie McCrory agus Tom Daly (*Cooperation and Working Together*) a gcuid smaointe ar na dúshláin agus na deiseanna a bhaineann le Comhoibriú Thuaidh Theas.



Rannpháirtithe sa Chlár Óige in oifigí na Comh-Rúnaireachta ar 22 Márta 2012

D'aithin an Chomh-Rúnaireacht an tábhacht atá le nasc a thógáil leis an phobal áitiúil agus, i gcomhpháirt le PSNI, Comhairle Cathrach agus Ceantair Ard Mhacha agus Fóram Scoileanna Ard Mhacha, d'eagraigh siad Clár Óige a raibh caoga dalta as iar-bhunscoileanna áitiúla páirteach ann in oifigí Ard Mhacha ar 12 Márta 2012.

Cuimsíodh sa chlár cur i láthair ar obair CATT agus seisiún idirghníomhach inar oibrigh daltaí ina ngrúpaí le machnamh a dhéanamh ar shainréimsí comhoibrithe Thuaidh Theas. D'éascaigh baill foirne de chuid Chomh-Rúnaireacht CATT gach grúpa. Bhí múinteoirí agus baill d'fhoireann Phóilíneacht Phobail Ard Mhacha páirteach fosta. Iarradh ar na rannpháirtithe "ról" Airí a ghlacadh agus tuairisciú ar ais chuig an ghrúpa ar thopaicí cuí, dar leo, le haghaidh comhoibriú praiticiúil Thuaidh Theas. Díospóireacht bheoga shultmhar ba thoradh dó seo agus sainithníodh roinnt ionadaithe poiblí don am atá le teacht! Labhair An Comhairleoir Freda Donnelly, Méara Cathrach agus Ceantair Ard Mhacha leis an ghrúpa. I ndiaidh an chláir mhaígh na múinteoirí a bhí ina gcuideachta gur thug an clár roinnt torthaí luachmhara foghlama do na daltaí.



Pat Colgan PF, SEUPB, Eamon McKee Ambasadóir na hÉireann i bPoblacht na Cóiré, Thomas Hunter McGowan PF InterTradelreland, Ruth Parkin, Ambasáid na hÉireann Súl, Margaret Stanley, LeasChomh-Rúnaí (Theas) CR CATT, Mary Bunting, iarChomh-Rúnaí (Thuaidh) CR CATT, Aidan Gough, Stiúrthóir Straitéise, InterTradelreland, Rosa Chun, Ambasáid na hÉireann Súl agus An Dr. Choi, An Aireacht um Aontú, Panmunjom, Deireadh Fómhair 2012.

Tá suim á léiriú thar lear in obair CATT. I mí na Bealtaine 2012 tháinig ionadaithe de chuid Phobal Eacnamaíochta Stáit Iarthar na hAfraice (ECOWAS) ar cuairt. Bhí malartú an-úsáideach againn ar obair ECOWAS agus CATT.

Níos moille i nDeireadh Fómhair 2012, de thoradh cuairt ar Chomh-Rúnaireacht CATT ó Aire Aontaithe Phoblacht na Cóiré i mí na Nollag 2011, d'éagraigh Ambasáid na hÉireann i Súl cuairt ar Phoblacht na Cóiré ar a raibh Mary Bunting, iarChomh-Rúnaí (Thuaidh), Margaret Stanley, LeasChomh-Rúnaí (Theas), Pat Colgan PF, SEUPB, Thomas Hunter McGowan PF, InterTradelreland agus Aidan Gough, Stiúrthóir Straitéise, InterTradelreland. Ba é fócas na cuairte an Chomhairle Aireachta Thuaidh Theas, obair na Comh-Rúnaireachta agus feidhm agus gníomhaíochtaí an dá Fhoras a raibh a n-iondaithe i láthair. Rinne na cuairteoirí roinnt cur i láthair d'ionadaithe Aireacht Aontaithe Phoblacht na Cóiré ar obair CATT agus na bhForas Thuaidh Theas.

Is cúis áthais dúinn a thuairisciú fosta go raibh pearsanra de chuid na Comh-Rúnaireachta ag gabháil do roinnt gníomhaíochtaí le tacú le grúpa deonach áitiúil. I measc na ngníomhaíochtaí bhí tiomsú airgid agus plean inbhuanaitheachta a chruthú don ghrúpa a chuidigh go mór leo agus a thug deiseanna dóibh an eagraíocht a fhorbairt.

CAIBIDIL A CÚIG: UACHTARÁNACHT NA hÉIREANN AR AN AE



Gabhfaidh Éire Uachtaránacht ar an AE i mí Eanáir 2013. Seo an chéad uair a bheidh Uachtaránacht an AE ag Éirinn agus CATT ag feidhmiú go hiomlán. Tá Comh-Rúnaireacht CATT ag féachaint le haon fhadhb a d'éireodh aníos maidir le dialanna Airí a mheaitseáil le linn na hUachtaránachta a íoslaghdú. Dá thoradh sin, cuireadh sceideal cruinnithe CATT don chéad leath de 2013 in áit, a oiread agus is féidir, roimh dheireadh 2012. Rinneadh go leor plé fosta ar ábhar a bhaineann leis an AE agus le hUachtaránacht ar an AE ar roinnt de chruinnithe CATT i 2012.

Ar a gcruinniú Institiúideach i mí Aibreáin, phléigh an Tánaiste, an Chéad-Aire agus an LeasChéad-Aire na dúshlán agus na deiseanna a bhaineann le hUachtaránacht na hÉireann ar an AE i 2013. Rinne na hAirí a dtiomantas a athdheimhniú maidir le babhta eile de mhaoiniú PEACE agus INTERREG a ghnóthú agus mhaígh gur tosaíocht dá gcuid a bhí ann. D'fháiltigh siad fosta roimh an chomhoibriú le tarraingt anuas chistiú AE a uasmhéadú, go háirithe faoi choinne Taighde agus Forbartha agus d'aontaigh gur den tábhacht go leanfaí den chomhoibriú seo.

Ar a gCruinniú Iomlánach i Meitheamh, d'fhiosraigh Airí féidearthacht bearta comhoibríthe le linn na hUachtaránachta, lena n-áirítear cruinnithe le hoifigigh shinsearacha agus imeachtaí AE a óstáil. Cheadaigh siad fosta plé chúrsaí AE ar chruinnithe ábhartha CATT de réir earnála. Lena chois sin, d'fháiltigh siad roimh chomhoibriú leanúnach ar nuáil laistigh den AE agus thug dá n-aire Comhdháil “Collaborate to Innovate”, a raibh an-tinreamh uirthi agus ar éirigh go maith léi, ar mhaoiniú Eorpach do thaighde agus nuáil d'Fhiontair Bheaga agus Mheánmhéide a tionóladh ar 7 Meitheamh 2012. Máire Geoghegan Quinn, Coimisinéir AE, Arlene Foster, Aire agus Lucinda Creighton, Aire Stáit a thug aitheasc don Chomhdháil.

Ar Chruinniú Iomlánach mhí na Samhna, leag an Taoiseach amach a thosaíochtaí i leith Uachtaránacht ar an AE. D'aithin Airí go mbaineann dúshlán shuntasacha leis an Uachtaránacht a óstáil ach go dtugann sé chomh maith go leor deiseanna

amhail teagmháil ar ghnóthaí AE a mhéadú nuair atá mór-idirbheartaíocht ar chláir úra thrasnáisiúnta agus an Comhbheartas Talmhaíochta (CBT) ar siúl sa Bhruiséil. Cuireadh socruithe sa siúl lena chur ar chumas Airí Rialtas na hÉireann faisnéis a thabhairt dá macasamhla san Fheidhmeannas ar ghnóthaí na hUachtaránachta ar chruinnithe CATT. Nótáil Airí fosta gur chuir go leor Ranna Tuaisceartacha baill foirne ar fáil ar bhonn iasachta le cuidiú le Rialtas na hÉireann riar ar éilimh na hUachtaránachta. Thoiligh Oifig Fheidhmeannas Thuaisceart Éireann sa Bhruiséil fosta spás a chur ar fáil le haghaidh cruinnithe le linn na tréimhse seo. Nótáladh chomh maith go bhfuiltear ag machnamh ar rannpháirtíocht a bheith ag Airí Fheidhmeannas Thuaisceart Éireann ar imeachtaí a bhaineann leis an Uachtaránacht le linn 2013.

Phléigh Airí cúrsaí Uachtaránacht an AE a bhaineann go sonrach le hearnálacha áirithe ar chruinnithe earnála. Áiríodh leis seo Airí na hÉireann ag tabhairt faisnéise, nuair is cuí, dá macasamhla Tuaisceartacha ar thosaíochtaí na hUachtaránachta ina gcuid earnálacha féin. I ndiaidh an phlé sa Chruinniú Iomlánach, bhain Airí na hÉireann feidhm as na cruinnithe earnála seo le cuireadh a chur ar a gcomhghleacaithe bheith páirteach in imeachtaí ábhartha de chuid na hUachtaránachta.

IARSCRÍBHINN A hAON

LIOSTA DE CHRUINNITHE CATT I 2012

Taispeánann an tábla seo a leanas na cruinnithe CATT a tionóladh i 2012:

Cruinniú CATT	Dáta	Ionad
lomlánach	15 Meitheamh	Baile Átha Cliath
	2 Samhain	Ard Mhacha
Institiúideach	27 Aibreán	Baile Átha Cliath
Talmhaíocht	8 Feabhra	Ard Mhacha
	25 Iúil	Ard Mhacha
	31 Deireadh Fómhair	Ard Mhacha
Oideachas	1 Feabhra	Ard Mhacha
	15 Meitheamh	Baile Átha Cliath
	17 Deireadh Fómhair	Ard Mhacha
Comhshaol	2 Márta	Ard Mhacha
	15 Meitheamh	Baile Átha Cliath
	31 Deireadh Fómhair	Ard Mhacha
Sláinte agus Sábháilteacht Bhia	2 Feabhra	Ard Mhacha
	18 Iúil	Ard Mhacha
	21 Samhain	Ard Mhacha
Turasóireacht	25 Eanáir	Ard Mhacha
	28 Samhain	Ard Mhacha
Iompar	20 Aibreán	Ard Mhacha
	5 Deireadh Fómhair	Ard Mhacha
Dobharshaothrú agus Cúrsaí Mara	1 Márta	Ard Mhacha
	4 Iúil	Doire
	12 Nollaig	Ard Mhacha
Uiscebhealaí Intíre	14 Feabhra	Inis Ceithleann
	9 Iúil	Ard Mhacha
	12 Nollaig	Ard Mhacha
Teanga	14 Feabhra	Inis Ceithleann
	9 Iúil	Ard Mhacha
	12 Nollaig	Ard Mhacha
Cláir Speisialta an AE	4 Bealtaine	Ard Mhacha
Trádáil agus Forbairt Ghnó	1 Márta	Ard Mhacha
	28 Samhain	Ard Mhacha

IARSCRÍBHINN A DÓ

COMH-RÚNAIREACTH NA COMHAIRLE AIREACHTA THUaidH THEAS

Soláthraíonn Státseirbhís Thuaisceart Éireann agus Státseirbhís na hÉireann foireann na Chomh-Rúnaireachta a thacaíonn leis an Chomhairle Aireachta Thuaidh Theas (CATT). Is í Oifig an Chéad-Aire agus an leasChéad-Aire (OFMDFM) máthair-Roinn státseirbhísigh Thuaisceart Éireann agus is í an Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála (DFAT) máthair-Roinn státseirbhísigh na hÉireann.

Is é Colm Shannon an Comh-Rúnaí (Thuaidh) agus is é Shane O'Neill an Comh-Rúnaí (Theas). Is é Donal Moran an LeasChomh-Rúnaí (Thuaidh) agus is í Margaret Stanley, a bhí ina Comh-Rúnaí feidhmeach go dtí Lúnasa 2012 an LeasChomh-Rúnaí (Theas).

Feidhmeanna

Áirítear le feidhmeanna na Comh-Rúnaireachta:

- sceideal cruinnithe Comhairle i bhformáidí éagsúla a shocrú ;
- comhaontú polaitiúil a dheimhniú roimh ré i leith cláir cruinnithe;
- páipéir a ullmhú nó a choimisiúnú le haghaidh chruinnithe na Comhairle, lena n-áirítear iad siúd a bhaineann lena clár oibre;
- Comhráitis agus Taifid Chinntí na Comhairle a dhréachtú ;
- cinntí na Comhairle a chur in iúl agus a bhforfheidhmiú a mhonatóiriú;
- tuarascáil bhliantúil ar imeachtaí na Comhairle a dhréachtú;
- feidhmiú mar ghléas cumarsáide leis na Forais Forfheidhmiúcháin;
- idirchaidreamh a dhéanamh, nuair is cuí, tríd an Roinn nó an Oifig ainmnithe, le Rúnaireacht Chomhdháil Idir-Rialtasach na Breataine-na hÉireann, le Rúnaireacht Chomhairle na Breataine-na hÉireann agus leis an Chomhfhóram Parlaiminteach Thuaidh/Theas agus leis an fhóram chomhairleach neamhspleách nuair a bhunófar é; agus
- tascanna eile a dhéanamh de réir threoir na Comhairle.

Maoiniú

Is iad OFMDFM agus DFAT a íocann as na costais foirne. Roinntear gach costas eile a bhaineann leis an Chomh-Rúnaireacht agus le CATT idir an dá roinn riaracháin. Ba é £1,508,055/€1,853,663 costas reáchtála na Comh-Rúnaireachta i 2012.

IARSCRÍBHINN A TRÍ

COMHALTAÍ BOIRD NA bhFORAS THUAIDH THEAS

Bord Chur Chun Cinn Sábhailteacht Bhia

Bord Comhairleach

Lynn Ní Bhaoigheallain (Cathaoirleach)

Darina Allen (Leas-Chathaoirleach)

Julie Andrews

Thomas Burns

Brendan Kehoe

Helen O'Donnell

Edward Spellman

Hannah Su

Campbell Tweedie

Mary Upton

Jane Wells

An Foras Teanga Thuaidh Theas

Foras Na Gaeilge

Liam Ó Maoilmhichíl

(Cathaoirleach Fhoras na Gaelige/Comh-Chathaoirleach An Foras Teanga)

Eoghan Mac Cormaic (Leas-Chathaoirleach)

Pol Callaghan

Colm Cavanagh

Áine Ní Chiaráin

Bríd Ní Chonghoile

Liam Kennedy

Seosamh Mac Donnchadha

Tomás Mac Eochagáin

Marcus Mac Ruairí

Seán Mícheal Ó Dómhnaill

Dónall Ó hAiniféin

Therese Ruane

Tomás Sharkey

Cáitríona Ní Shúilleabháin

Éamonn Ó Gribín (a ceapadh 20 Aibreán 2012)

Tha Boord O Ulstèr Scotch

Tom Scott

(Cathaoirleach Tha Boord o Ulstèr-Scotch/Comh-Chathaoirleach An Foras Teanga Thuaidh Theas)

Tony Crooks (Leas-Chathaoirleach)

Ida Fisher

William Leathem

Val O'Kelly

Hilary Singleton

Sharon Treacy-Dunne

Trevor Wilson

Coimisiún An Fheabhail, Chairlinn agus Shoilse na hÉireann

Winston Patterson (Cathaoirleach)
Alan McCulla (Leas-Chathaoirleach)
Laurence Arbuckle
Andrew Duncan
Phil Mahon
Joe Millar
Michael J McCormick
Theresa McLaverty
Tarlach Ó Crosáin*
Séamus Rogers
Thomas Sloan (RIP)
Donal Tipping
Jim Wilson

(*Tháinig dereadh le ceapachán Tharlaigh Uí Chrosáin ar 12 Nollaig 2012 agus tháinig Laurence Arbuckle i gcomharbacht air)

An Foras Trádála agus Forbairt Ghnó

Martin Cronin (Cathaoirleach)
Joanne Spain (Leas-Chathaoirleach)
Brendan Butler
Philip Doherty
Jake Gallagher
Ray Hayden
Hubert Brown Kerr
Timothy Mayes
Bridget Meehan
Patricia McKeown
Kevin Norton
Mairéad Sorensen

Tourism Ireland Teo.

Brian Ambrose (Cathaoirleach)
Jim Flannery (Leas-Chathaoirleach)
Ciara Boyle
Denis Cregan
Shaun Quinn
Howard Hastings
John Healy
David Lyle
Christoph Mueller
Elaine Murphy
Derek Rainey
David Rodway